



An Roinn Oideachais  
agus Óige  
Department of Education  
and Youth

# Sonraíocht Teanga

Language Specification

Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

For Primary and Special Schools

**Scoileanna Gaeltachta agus Ián-Ghaeilge**

Irish-medium schools

Gaeilge Teanga 1, Béarla Teanga 2 agus  
Nuatheangacha Iasachta

Irish Language 1, English Language 2 and  
Modern Foreign Languages

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2025

Prepared by the National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) 2025



## Clár an Ábhair

Brollach	2
1. Réamhrá	3
2. Réasúnaíocht	8
3. Aidhmeanna	13
4. Snáitheanna agus Gnéithe	14
5. Torthaí Foghlama	20
6. <i>Curaclam Teanga na Bunscoile i bhFeidhm</i>	46
7. Breac-chuntas ar Thacar Uirlisí Teanga na Bunscoile	61
8. Gluais	64
9. Tagairtí	72
Aguisín A. Scileanna teanga agus gnéithe	74
Aguisín B. Feidhmeanna teanga	76

## Brollach

Is le haghaidh gach páiste a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Tá sé ionchuimsitheach agus iomlánaíoch, ag aithint oideachas bunscoile agus oideachas speisialta mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – ag nascadh le réamhfhoghlaim na bpáistí, ag ceiliúradh eispéiris reatha na bpáistí agus ag féachaint chun cinn ar a dtodhchaí.

Ag cur le *Creatchuraclam na Bunscoile*, oibríonn sonraíochtaí athfhorbartha an churaclaim le chéile chun bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí.

Leagtar béim i g*Curaclam Teanga na Bunscoile* ar chumas gníomhúcháin páistí agus múinteoirí, ag cinntiú go mbíonn ionchur bríoch ag páistí ina bhfoghlaim agus ag tacú le múinteoirí chun cinntí gairmiúla eolasacha a dhéanamh laistigh de pharaiméadair an churaclaim.

Tá Nuatheangacha Iasachta (NTI) á chur le *Curaclam Teanga na Bunscoile* mar chuid den athfhorbairt níos leithne ar Churaclam na Bunscoile. Cé gur theastaigh nuashonruithe agus breisithe mar gur cuireadh NTI leis, cothaíodh dílseacht do struchtúr *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Rinneadh roinnt nuashonruithe breise ar *Churaclam Teanga na Bunscoile* freisin lena chinntiú go n-ailíníonn sé le *Creatchuraclam na Bunscoile*. B'fhéidir go n-aithneofá freisin go leor de na gnéithe dearfacha den chleachtas reatha a tharlaíonn inár mbunscoileanna agus scoileanna speisialta, chomh maith le feabhsúcháin ar an bhfoghlaim a bhfaighidh na páistí taithí uirthi trí na cuir chuige oideolaíochta agus measúnaithe a dtacaítear leo ar fud an churaclaim.

# 1. Réamhrá


Tá sé de cheart ag gach páiste in Éirinn go gcuirfí oideachas orthu bunaithe ar a láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais. Is é is aidhm do *Chreachuraclam na Bunscoile* bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí. Aithnítear an t-oideachas bunscoile ann mar thréimhse ‘ag maireachtáil anois’ agus ‘ag éirí ina’ – agus aird á tarraingt ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris atá taitneamhach, suimiúil, ábhartha agus dúshlánach mar is cuí do gach páiste, eispéiris a chumhachtaíonn iad mar fhoghlaimoirí san am i láthair agus amach anseo araon. Is tábhachtach go dtacaíonn *Curaclam na Bunscoile* le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta.

Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* ar cheann de na cúig réimse curaclaim sa *Churaclam Bunscoile*. Is curaclam comhtháite é *Curaclam Teanga na Bunscoile* ina leagtar béim ar cheangail laistigh de theangacha agus ó theanga go teanga agus ina gcuirtear chun cinn foghlaim teanga ardchaighdeáin. Spreagtar ann cur chuige ilteangach i leith foghlaim agus teagasc teanga a tharraingíonn ar an eolas agus eispéiris teanga a thugann na páistí leo chuig an seomra ranga. Tá an tuiscint go mbíonn a stór teangeolaíoch féin ag gach páiste mar gheall ar a gcuid eispéireas ar fad ó rugadh iad mar bhonn leis sin.

Cuirtear i láthair i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* an fhoghlaim teanga atá beartaithe do pháistí ar feadh ocht mbliana na bunscolaíochta. Tacaítear ann le foghlaim agus teagasc i dTeanga 1 (T1) (Gaeilge) agus i dTeanga 2 (T2) (Béarla) na scoile do Chéimeanna 1 go 4. Tugtar isteach Nuatheangacha Iasachta<sup>1</sup> (NTI) do Chéimeanna 3 agus 4. Ag Céim 3, díríonn NTI ar fheasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir. Daingníonn sé sin eolas reatha ar theanga(cha) agus tógtair bunchloch láidir d’fhoghlaim an tríú teanga (T3). Ag Céim 4, foghlaimíonn na páistí le cumarsáid a dhéanamh ag leibhéal an-bhunúsach go leibhéal bunúsach in T3. Tacaíonn béim leanúnach ar fheasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir leis seo.

Tá an struchtúr céanna agus na snáitheanna céanna i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* don Ghaeilge, Béarla agus NTI (ag Céimeanna 3 agus 4). Tacaíonn an comhtháthú idir teangacha le múinteoirí le planáil le haghaidh foghlaim na bpáistí agus í a chur chun cinn in T1, T2 agus NTI na scoile (do Chéimeanna 3 agus 4). Tógann sé sin ar na cineálacha cur chuige i leith an chomhtháthaithe a ndéantar cur síos orthu i *gCuraclam 1999*, agus tacaíonn sé le cur chuige ildisciplíneach, le cur chuige idirdisciplíneach agus le cur chuige trasdisciplíneach i leith foghlaim teanga.

<sup>1</sup> Cuimsíonn an téarma Nuatheangacha Iasachta (NTI) **gach** teanga a thacaíonn le feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir ag Céimeanna 3 agus 4, agus Teanga 3 na scoile (T3) ag Céim 4.



**Fíor 1:** Foghlaim teanga a bhfuiltear ag súil leis do pháistí feadh gach céime de *Churaclam Teanga na Bunscoile*

\* Ar mhaithe le cleachtas an tumoideachais i scoileanna Gaeilge a éascú, tá rogha ann tréimhse de lántumadh luath a chur i bhfeidhm go dtí deireadh rang na naíonán sinsearach, faoi réir ag faomhadh bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le múinteoirí, agus le cumann na dtuismitheoirí. I gcás scoileanna Gaeltachta, tá tréimhse de lántumadh luath go deireadh rang na naíonán sinsearach riachtanach. Ní thosófar mar sin ar mhúineadh an Bhéarla agus scileanna foirmiúla litearthachta in T2 na scoile go dtí tar éis na tréimhse de lántumadh luath de réir mar a leagtar amach sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta (2017–2022)*.

## Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi fhís *Chreachuraclam na Bunscoile* agus tugann siad treoir do scoileanna agus iad dírithe ar an bhfís sin a bhaint amach. Cuireann na prionsabail sin in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcoilár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna éagsúla

scoile agus cúinsí, eispéiris agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh. Dá réir sin, tacaíonn siad le boird bhainistíochta, ceannairí scoile, múinteoirí agus daoine eile ina ndualgais lena chinntiú go gcuirtear oideachas ardchaighdeáin ar fáil do na páistí ar fad inár scoileanna.

Léirítear i dTábla 1 sraith samplaí nach bhfuil uileghabhálach de na prionsabail á gcur i ngníomh laistigh de *Churaclam Teanga na Bunscoile*.

**Tábla 1:** Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe	Samplaí laistigh de <i>Churaclam Teanga na Bunscoile</i> a thacaíonn le forbairt T1 (Gaeilge) agus T2 (Béarla) na scoile agus NTI do Chéimeanna 3 agus 4
<b>Measúnú agus dul chun cinn</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Deiseanna a chur ar fáil do pháistí a bhfoghlaím teanga a léiriú ar réimse bealaí éagsúla, lena n-áirítear an féinmheasúnú agus piarmheasúnú</li> <li>Dul chun cinn a chinntiú i gcás scileanna litearthachta srianta agus neamhsrianta</li> <li>Tarraingt ar réimse faisnéis mheasúnaithe chun na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaím teanga na bpáistí a shainaithint agus tacú leo, lena n-áirítear úsáid a bhaint as na contanaim dul chun cinn mar scafall nuair is cuí</li> </ul>


Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe	Samplaí laistigh de <i>Churaclam Teanga na Bunscoile</i> a thacaíonn le forbairt T1 (Gaeilge) agus T2 (Béarla) na scoile agus NTI do Chéimeanna 3 agus 4
<b>Gníomhú agus rannpháirtíocht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Feasacht teanga na bpáistí a chothú agus a mhúscailt</li> <li>• Deiseanna a chruthú le go n-úsáidfidh na páistí réimse leathan modhanna cumarsáide agus téacsanna le linn eispéiris foghlama</li> <li>• Eispéiris foghlama teanga rannpháirteacha a dheardh agus a spreagadh atá curtha in oiriúint ag guth, spéiseanna agus fiosracht na bpáistí</li> </ul>
<b>Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Leibhéal éagsúla inniúlachta na bpáistí i gcumarsáid, tuiscint agus úsáid teanga a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh</li> <li>• Meas a léiriú ar <u>stór teangeolaíoch</u> ar leith gach páiste agus úsáid a bhaint as chun tacú lena bhfoghlaim</li> <li>• Cultúr foghlama a chothú a dhéanann ceiliúradh agus a léiríonn meas ar dhifríochtaí i dteangacha agus ina gcuirtear dúshláin roimh steiréitíopaí agus míthuiscintí</li> </ul>
<b>Timpeallachtaí foghlama</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Timpeallacht atá saibhir ó thaobh an chló de a sholáthar a aithníonn agus a úsáideann an litearthacht mar thacaíocht rithábhachtach don fhoghlaim teanga. Áirítear leis sin téacsanna i réimse leathan ábhar agus thar sheánraí</li> <li>• Cultúr an tseomra ranga a chothú atá bunaithe ar idirghníomhaíochtaí bríocha agus measúla</li> <li>• Tarraingt ar na teangacha a úsáidtear agus a bhíonn le cloisteáil sa phobal áitiúil agus níos leithne mar spreagthach agus ábhar foghlama</li> </ul>
<b>Comhpháirtíochtaí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Oibriú i gcomhpháirt le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun tacú le caomhnú agus forbairt teanga(cha) na bpáistí (<u>teanga(cha) an bhaile</u> ina measc)</li> <li>• Deiseanna a chur ar fáil do na páistí chun teanga a fhiosrú, a roinnt agus a úsáid le lucht éisteachta barántúla</li> <li>• Naisc chumarsáide a bhunú agus a choimeád le gairmithe oideachais chun tacú le forbairt fhoghlaim teanga na bpáistí</li> </ul>
<b>Oideolaíocht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Úsáid a bhaint as réimse cuir chuige oideolaíochta spráíúla agus tharraingteacha chun tacú leis an bhfoghlaim teanga, lena n-áirítear cuir chuige pháiste-stiúrtha chomh maith le teagasc follasach na scileanna teanga agus litearthachta ar leith</li> <li>• Eispéiris foghlama chomhtháite a fhorbairt a bhaineann leas as na hidirnáisc idir teangacha</li> <li>• Glacadh le hoideolaíocht atá freagrúil agus a chuireann eispéiris saoil, teangacha, cúinsí, féiniúlachtaí agus spéiseanna na bpáistí san áireamh</li> </ul>
<b>Caidrimh</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Caidrimh thacúla a thógáil leis na bpáistí a chuireann a láidreachtaí, a gcumais agus a riachtanais teanga san áireamh</li> <li>• Plé le tuismitheoirí agus daoine eile laistigh den cheantar áitiúil chun cur leis an bhfoghlaim maidir le héagsúlacht teangacha agus chultúrtha</li> <li>• Eolas agus tuiscint na bpáistí a fhorbairt faoin gcaoi a gcruthaímid agus a roinnimid brí le chéile, i gcaidrimh chumarsáideacha, mar éisteoirí agus mar chainteoirí, agus mar dhaoine a thugann agus a ghlacann faisnéis</li> </ul>
<b>Aistrithe agus leanúnachas</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An tionchar a bhíonn ag eispéiris luath-óige na bpáistí ar a bhféiniúlachtaí foghlama teanga a aithint</li> <li>• Cur le heispéiris foghlama teanga luath-óige na bpáistí</li> <li>• Bunchloch láidir sa teanga/sna teangacha agus sa litearthacht a thógáil le tacú le dul ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil</li> </ul>



## Forléargas ar Churaclam Teanga na Bunscoile

Cuireann na caibidlí tosaigh de *Churaclam Teanga na Bunscoile* an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, na Snáitheanna agus Gnéithe agus na Torthaí Foghlama i láthair. Ina dhiaidh sin, cuireann an tsonraíocht treoir ar fáil maidir leis an gcuraclam i bhfeidhm, agus maidir le húsáid Thacar Uirlisí Teanga na Bunscoile sa phleanáil d'eispéiris shaibhre foghlama. Cuirtear gluais na dtéarmaí agus na hagusíní ar fáil freisin.

Tacaíonn Tacar Uirlisí Churaclam na Bunscoile ar líne agus Tacar Uirlisí Teanga na Bunscoile le *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Cuirtear réimse tacaíochtaí ar fáil sna tacair uirlisí ar líne sin chun an curaclam a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíochtaí do phleanáil, ionchuimsiú, measúnú agus oideolaíocht an churaclaim. Is féidir leat teacht ar leagan ar líne den churaclam agus de na tacair uirlisí ach cuairt a thabhairt ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).




Fíor 2: Inneachar Churaclam Teanga na Bunscoile

## 2. Réasúnaíocht

Cuireann foghlaim teangacha ar chumas páistí an domhan mórtimpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann, ó chumarsáid réambhriathartha agus bhriathartha go téacsanna clóite agus digiteacha. Trí chaidreamh a dhéanamh lena bpiaraí agus le daoine fásta, téann páistí i dtaithí ar chaidrimh chumarsáideacha agus i ngleic leo, agus tríd sin tosaítear ar chumarsáid daoine eile a thuiscint, a léirmhíniú, brí a bhaint aisti agus í a mheas go criticiúil. Cuireann teanga ar chumas páistí a bheith rannpháirteach ó thaobh na mothúchán de, go sóisialta, go cognaíoch, go samhlaíoch agus go haeistéitiúil i gcaidrimh agus in eispéiris chultúrtha. Cumasaítear páistí lena smaointeoireacht, a bhfriotail, a machnamh, a gcumas criticiúil agus a n-ionbhá a fhorbairt, agus tugtar tacaíocht dóibh chun féin-éifeachtacht, féiniúlacht agus lánpháirtíocht sa tsochaí a fhorbairt chomh maith.

Féachann *Curaclam Teanga na Bunscoile* le tacaíocht a thabhairt do pháistí ar a n-aistear foghlama teanga uathúil féin, sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus NTI (ag

Céimeanna 3 agus 4). Spreagtar úsáid teangacha eile a úsáidtear sa bhaile agus ar scoil freisin. Mar sin, cumasaíonn sé gach páiste le hinniúlacht ilteangach a fhorbairt, ina dtagann an t-eolas agus taithí ar fad ar theangacha isteach san fhoghlaim agus ina dtacaíonn siad leis an bhfoghlaim. Aithnítear sa tsonraíocht na haistir foghlama ar a bhfuil gach páiste agus tacaítear leo. Ón uair a shaolaítear iad foghlaimíonn páistí teanga trína gcuid idirghníomhaíochta sa bhaile, trína n-eispéiris foghlama i suíomhanna luath-óige agus isteach sa bhunscoil. Leanann páistí orthu ag dul i mbun foghlaim agus forbairt teanga nuair a théann siad go dtí an iar-bhunscoil agus iad ag tabhairt faoin tSraith Shóisearach. Ina Shnáitheanna, a Ghnéithe agus a Thorthaí Foghlama, tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* don T1, T2 agus na Nuatheangacha lasachta (do Céimeanna 3 agus 4) ailínithe le sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge, don Bhéarla agus do na Nuatheangacha lasachta. Fágann sé sin go mbíonn leanúnachas suntasach agus dul chun cinn ag foghlaimoirí teanga agus iad ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.



**Fíor 3:** *Curaclam Teanga na Bunscoile* i gcomhthéacs soláthar curaclaim ó bhreith go 18 mbliana d'aois

## Múnlaítear tríd an teanga muid

Tá teanga lárnach i dtaobh cé muid féin agus conas agus céard a fhoghlaimimid. Is í an príomh-mheán í trína sealbhaíonn páistí foghlaim nua agus trína ndéanann siad a gcuid féin de. Mar sin, tá páirt ríthábhachtach aici i leathnú thuiscint na bpáistí féin ar an domhan agus ina sealbhú eolais, meonta agus scileanna. Is í an teanga an príomh-mheán cumarsáide inphearsanta agus idirphearsanta atá againn agus is eochair í d'fhorbairt an pháiste mar dhuine. De réir mar a thagann forbairt ar theanga páistí, cuireann sí ar a gcumas a machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht chultúrtha féin agus ar an áit atá acu féin sa domhan. Is minic a bhíonn saintréithe cultúir le fáil ina theanga. Is féidir le foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla ról tábhachtach a imirt ó thaobh tuiscint a fhorbairt ar fhéiniúlacht chultúrtha na hÉireann. Ach páistí a bheith ag plé leis an nGaeilge, doimhnítear a bhfeasacht idirchultúrtha agus leathnaítear a dtaithe theangeolaíochta agus, do pháistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, doimhnítear a dtaithe theangeolaíochta. Tugann sé seo deis dóibh baint a bheith acu, agus an bhaint sin a dhoimhniú i gcás páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, le snáithe uathúil agus saibhir d'oidhreacht chultúrtha shochaí na hÉireann. Trí NTI a thabhairt isteach (ag Céim 3 agus Céim 4) tacaítear leis na páistí tuilleadh le foghlaim faoina bhfeasacht idirchultúrtha, tuiscint a fháil uirthi, agus forbairt a dhéanamh uirthi.

Tá foghlaim teanga suntasach ó thaobh foghlaim na bpáistí de ar fud an churaclaim. Agus páistí ag foghlaim agus sealbhú teanga fós, bíonn siad ag foghlaim tríd an teanga freisin. Tá a théarmaíocht féin agus a bhealach féin chun teanga a úsáid ag gach réimse den churaclam; dá bhrí sin, is ceacht teanga gach ceacht ann féin.

## Próiseas forásach is ea foghlaim teanga

Próiseas forásach is ea foghlaim teanga a rachaidh páistí i ngleic leis ar a luas féin. Ón uair a shaolaítear iad, déanann páistí dul chun cinn ar chontanam foghlama agus forbartha ag rátaí difriúla chun a stór teangeolaíoch féin a leathnú. Na leibhéil éagsúla

cumais a bhíonn ag páistí agus iad ag tabhairt faoi thascanna foghlama teanga agus tionchar a dtimpeallachta, tionchar an bhaile agus tionchar na luathbhlianta, cuireann siad leis an éagsúlacht i rátaí dul chun cinn na bpáistí i bhfoghlaim teanga. Is trí chumarsáid a thagann forbairt ar theanga páistí – trí faisnéis a thabhairt, a fháil agus ciall a bhaint aisti. Tá sé tábhachtach go n-aithneodh múinteoirí cumais dhúchasacha ar leith na bpáistí, agus an taithe luath a bhíonn acu ar theanga (is féidir go mbeadh nó nach mbeadh an teanga sin ina teanga scoile) agus iad ag leagan síos pointe tosaigh chun tuilleadh forbartha teanga a dhéanamh. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis sin sna luathbhlianta bunscoile.

## Próiseas comhtháite is ea foghlaim teanga

Leathnaíonn páistí a dtaithe theangeolaíochta ach teangacha a fhoghlaim sa bhaile, i suíomhanna luath-óige, ar scoil nó sa phobal. Bíonn páistí in ann a n-eispéiris teanga a fhairsingiú agus a dtuiscint ar chultúr agus ar oidhreacht, agus a nasc leo, a dhoimhniú. Is de nádúr teangacha iad a bheith gaolmhar le chéile. Is féidir le forbairt scileanna i dteanga amháin cabhrú leis na páistí scileanna atá cosúil leo a fhorbairt i dteangacha eile ach go leor teagmhála a bheith acu leis an teanga, agus spreagadh agus deiseanna go leor a bheith acu le dul i ngleic leis an teanga. Is é is aidhm do *Churaclam Teanga na Bunscoile* naisc idir teangacha a dhéanamh follasach do pháistí. Baintear é sin amach trí nádúr comhtháite an churaclaim agus an fócas atá aige ar fheasacht teanga. Nuair a thugtar tacaíocht, cumasaítear na páistí le naisc idir teangacha a thabhairt faoi deara iad féin. Trí na naisc sin a fhiosrú, forbraíonn na páistí a dtuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha agus ar an mbaint a bhíonn ag teangacha lena chéile. Spreagann sé sin foghlaim éifeachtúil don pháiste. Trí úsáid a bhaint as teanga chun cumarsáid a dhéanamh ar fud an churaclaim in ábhair eile agus lasmuigh de cheachtanna scoite, tugtar tuilleadh tacaíochta don foghlaim teanga agus cuirtear ar chumas na bpáistí an méid atá foghlamtha acu a neartú agus a ghinearálú.

I gcomhthéacs *Churaclam Teanga na Bunscoile*, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tír ilghnéitheach í Éire ó thaobh teanga agus cultúir. Tá páistí inár scoileanna arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, páistí arb é an Béarla a gcéad teanga agus páistí a bhfuil teanga eile mar chéad teanga acu. Páistí nach í an Ghaeilge ná an Béarla a gcéad teanga, bíonn siad ag foghlaim ar bhealach comhtháite cheana féin, rud a fhágann gur fearr a fhoghlaiméoidh siad an Ghaeilge, an Béarla agus NTI (ag Céimeanna 3 agus 4) i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Cé go bhfuil scileanna scoite teanga a bhaineann le gach snáithe bunriachtanach, má théann na páistí i ngleic le gach ceann de na trí shnáithe, teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, ar bhealach comhtháite, beidh siad in ann cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh. Laistigh de *Churaclam Teanga na Bunscoile*, is é atá i gceist le comhtháthú:

- aistriú eolais, scileanna agus straitéisí a tharlaíonn ó theanga go teanga
- teanga a mhúineadh i réimsí eile den churaclam
- idirghníomhaíocht idir na trí shnáithe – teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Aistríonn páistí scileanna agus coincheapa áirithe óna gcéad teanga go dtí an dara teanga agus na teangacha breise. Nuair a fheiceann na múinteoirí deiseanna aistrithe, is féidir leo cabhrú leis na páistí an méid atá foghlamtha acu a ghinearálú agus/nó a aistriú go teangacha eile. Ach díriú ar scileanna, eolas agus straitéisí is féidir a aistriú ó theanga go teanga agus iad a shainnithint, is féidir le múinteoirí a bhfuil múinte i gcéad teanga na scoile a neartú, ag úsáid an dara teanga agus na dteangacha breise chun tacú leis an aistriú sin. Tá samplaí d'aistriú idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha breise i gCaibidil 6, '*Curaclam Teanga na Bunscoile* i bhFeidhm'.

Ní féidir gach scil a aistriú ó theanga go teanga. Is féidir le difríochtaí a bheith ann i réimsí amhail an mhoirfeolaíocht, struchtúr na habairte agus roinnt gnéithe den fhóineolaíocht, agus is dócha gur ann do na difríochtaí sin freisin idir an T3 atá roghnaithe ag an scoil agus an Ghaeilge agus an Béarla. Is féidir le scoileanna

soláthar sonrath a dhéanamh do mhúineadh scileanna agus ábhair a bhaineann go sonrath le teanga. Chun tacú go héifeachtach le páistí agus iad ag foghlaim an dá theanga, tá sé tábhachtach go múintear an Ghaeilge trí mheán na Gaeilge agus go múintear an Béarla trí mheán an Bhéarla. Ag Céim 4, teagasctar an T3 tríd an T3, a mhéid is féidir (féach Caibidil 6). Tacaíonn sé sin go héifeachtach le foghlaim teanga na bpáistí.

### Is trí idirghníomhaíochtaí agus úsáid bharántúil teanga a fhoghlaimíonn páistí teanga

Tá a fhios againn go mbíonn ról lárnach ag baile agus ag pobail na bpáistí ina bhfoghlaim teanga, mar go bhforbraítear í trí idirghníomhaíochtaí bríocha le tuismitheoirí agus muintir agus cairde. Tá ról lárnach ag tuismitheoirí ó thaobh tacú le forbairt teanga a bpáistí agus teanga(cha) an bhaile a bhunú sula mbunaítear teangacha breise. Déanann an duine fásta agus an páiste comhchumadh ar an teanga trí chomhaird, trí chomhspéis agus tríd an taitneamh a bhaineann siad aisti. Idirghníomhaíochtaí agus comhraite lánbhri idir páiste agus duine fásta, nó idir páiste agus páiste eile, forbraíonn siad foghlaim teanga na bpáistí. Is é ról an mhúinteora tacú le caint na bpáistí, agus í a fhorbairt, agus na páistí i mbun taiscéalaíochta, fionnachtana, agus réiteach fadhbanna.

Bíonn tionchar ag an timpeallacht foghlama ar an méid a fhoghlaimíonn páistí agus conas a fhoghlaimíonn siad. Tá timpeallacht a thacaíonn le héagsúlachtaí páistí agus a chuireann chun cinn iad tábhachtach ionas go mbraithfidh na páistí go bhfuil glacadh leo agus go mbeidh siad compordach; timpeallacht ina ndéantar ceiliúradh ar dhifríochtaí riachtanais, cultúir agus teanga. Nuair a mhúsclaítear an fheasacht teanga agus nuair a chothaítear í, tiocfaidh léargais chun cinn ó pháistí a bhfuil teangacha baile acu seachas an Ghaeilge agus an Béarla agus bainfidh siadsan agus a bpiaraí tairbhe astu. Ar an gcaoi chéanna, rachaidh léargais ó phiaraí a labhraíonn Gaeilge agus Béarla chun tairbhe na bpáistí sin. Is mór an sochar is féidir a bhaint as páistí a spreagadh leis na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir teangacha agus cultúir a fhiosrú do thimpeallacht

foghlama teanga an tseomra ranga agus trí mheas níos mó ar theangacha a chothú. Ar an gcaoi chéanna, cabhraíonn páistí a bhfuil riachtanais speisialta cumarsáide acu, agus a úsáideann comharthaí, gothaíocht nó áiseanna le cumarsáid a dhéanamh, le feacht a mhéadú faoi mhodhanna éagsúla cumarsáide agus is féidir leo cur leis an timpeallacht foghlama teanga. Mar shampla, is teanga aitheanta de chuid na hÉireann í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a bhfuil a struchtúr teangeolaíochta, rialacha agus gnéithe féin aici.

Timpeallacht mhealltach, a thugann tús áite d'úsáid bharántúil teanga, a spreagann agus a chabhraíonn le gach páiste tarraingt ar a stór teangeolaíoch iomlán le taiscéalaíocht agus fionnachtana a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, iad féin a chur in iúl agus caidreamh a dhéanamh le daoine eile. Is cuid thábhachtach den timpeallacht foghlama teanga sin iad eispéiris spraiúla agus tharraingteacha agus tugann siad deis do pháistí dul i mbun cumarsáid lánbhí. Úsáideann siad teanga le haghaidh cuspóirí éagsúla, agus cuireann siad stíl agus tuin na teanga in oiriúint do na cuspóirí seo agus do luchtanna éisteachta éagsúla. Bíonn siad ag súgradh le teanga chomh maith, ag roinnt rannta, scéalta grinn agus siollaí seafóide le chéile le tuiscint luath a fháil ar theanga mar chóras is féidir a ionramháil. Cabhraíonn timpeallacht atá spraiúil spreagúil tarraingteach mar is cuí le foghlaim agus le forbairt teanga. Ag Céim 4, feabhsaítear an timpeallacht foghlama teanga tuilleadh nuair a nochtar páistí don T3 agus nuair a spreagtar iad chun í a úsáid taobh amuigh de ranganna scoite teanga. Cumasaíonn sé sin páistí le tuiscint go mbaineann fórfheidhm bharántúil chumarsáideach le teangacha.



## Foghlaimíonn páistí teanga i gcomhthéacsanna éagsúla scoile

Tarlaíonn foghlaim teanga i gcomhthéacsanna éagsúla scoile: scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu. Tá éagsúlacht mhór idir na cineálacha taithí foghlama Gaeilge a bhí agus a bhíonn ag páistí, ag múinteoirí agus ag scoileanna sna saghsanna éagsúla scoile.

I scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, is í an Ghaeilge teanga oibre na scoile agus úsáideann na páistí í le cumarsáid a dhéanamh agus le rochtain a fháil ar réimse leathan ábhar ar fud an churaclaim. I gcás páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, déantar a dteanga a fhorbairt agus a shaibhriú ar scoil. Cuireann an scoil suíomh bunriachtanach ar fáil ina ndéantar teanga a chothabháil agus a bhuanú. Tá príomhról ag an múinteoir ó thaobh an cineál Gaeilge a labhraíonn an páiste sa bhaile a dhearbhuí agus aird a tharraingt de réir a chéile ar leaganacha eile agus ar stór focal ó chanúintí eile. Nuair nach cainteoirí dúchais Gaeilge iad na páistí, déantar iad a thumadh sa teanga agus an scoil ag cuidiú le líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú. Féachtar sa churaclam le tacú le scoileanna Gaeltachta teanga an phobail a chaomhnú agus a chothú trína chur ar chumas páistí nach cainteoirí dúchais iad ardscoileanna Gaeilge a bhaint amach.

Is trí Ghaeilge a bhíonn rochtain ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge ar an gcuraclam freisin. Cé gurb í an Ghaeilge teanga oibre na scoile, aithnítear nach í teanga an bhaile í d'fhormhór mór na bpáistí. Féachtar sa churaclam le tacú le scoileanna lán-Ghaeilge lena chur ar chumas páistí ardscoileanna sa Ghaeilge a bhaint amach agus, dá bhrí sin, is áit í an scoil ina mbaintear úsáid as teanga sa saol ó lá go lá.

I scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, is é an Béarla an teanga oibre agus múintear an Ghaeilge mar dhara teanga na scoile. Le go n-éireodh le páistí an dara teanga a fhoghlaim, caithfidh siad a bheith nochta don teanga sin. I gcás páistí atá ag foghlaim na Gaeilge mar T2, nach mbíonn nochta don teanga go minic, ní mór do mhúinteoirí deiseanna a thabhairt dóibh an teanga atá á foghlaim acu a chloisteáil agus éisteacht léi taobh amuigh den cheacht Gaeilge. Déanann múinteoirí é sin ach an Ghaeilge a úsáid go rialta mar mheán neamhfhoirmiúil cumarsáide i rith an lae. Ba cheart deiseanna a thabhairt do pháistí cleachtadh a dhéanamh ar an teanga atá sealbhaithe acu cheana féin agus í a neartú, i gcomhthéacsanna barantúla

laistigh agus lasmuigh de ranganna teanga scoite. Lena chois sin, ba cheart iad a spreagadh chun an teanga a úsáid go spontáineach chun riachtanais chumarsáideacha a chomhlíonadh. Is féidir le múinteoirí tuilleadh teagmhála leis an teanga a chur chun cinn trí ábhair eile nó gnéithe d'ábhair eile a theagasc trí mheán na Gaeilge, trí úsáid a bhaint as an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT). Ach meon dearfach a chothú i measc na bpáistí i leith úsáid na teanga agus iad a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil i rith an lae, tacaítear le sealbhú na teanga. Tríd an nGaeilge a theagasc go héifeachtúil mar an T2, leagtar bunchloch ar a dtógfar teagasc na dteangacha breise níos deireanaí.

I ngach comhthéacs scoile, tugtar isteach an T3 ag Céim 4. Spreagtar úsáid neamhfhoirmiúil an T3 ag Céim 4 i scoileanna Gaeltachta, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Tá a fhios againn go mbíonn an-éagsúlacht idir na heispéiris teanga a bhíonn ag páistí sa bhunscoil. Is gné de bhunscoileanna agus scoileanna speisialta na hÉireann é líon na bpáistí a labhraíonn teanga seachas an Ghaeilge nó an Béarla sa bhaile. Tá comhpháirtíochtaí idir an scoil agus an baile rithábachtach do pháistí a bhfuil an Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) acu ar mhaithe lena bhfoghlaim teanga a phleanáil agus tacú léi. Cinnteoidh sé sin go bhforbraíonn páistí inniúlacht in T1 agus go gcoimeádann siad teanga an bhaile ag an am céanna.

Ina theannta sin, is féidir go mbeidh dúshláin roimh pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ó thaobh scoileanna teanga agus cumarsáide a fhorbairt. Beidh pleanáil ag leibhéal indibhidiúil an mhúinteora agus ag leibhéal na scoile uile ag teastáil do chur chuige ionchuimsitheach a dhíríonn ar riachtanais, cumais agus spéiseanna na bpáistí agus a chuireann san áireamh a n-aois agus a gcéim forbartha.

Tugann gach páiste cumas i dteanga amháin nó níos mó chun na scoile leo, agus is féidir go mbeadh nó nach mbeadh an teanga sin ina céad teanga sa scoil. Tacaíonn an tsonraíocht teangacha le múinteoirí le meas a léiriú ar thaithí teanga gach páiste. Aithnítear, nuair a fhorbraíonn páistí scoileanna i dteanga amháin, nach iad scoileanna na teanga sin amháin atá á bhfoghlaim acu, ach go bhfuil buninniúlacht choiteann á forbairt acu freisin a chuireann ar a gcumas scoileanna agus straitéisí foghlama teanga a aistriú go teangacha eile.

## 3. Aidhmeanna

Tá íomhá de pháistí mar chumarsáidithe, léitheoirí, scríbhneoirí agus smaointeoirí leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Taispeánann sé fíis den seomra ranga bunscoile, agus tuiscint air, mar áit ina gcuirtear ar chumas na bpáistí dul chun cinn a dhéanamh ar a luas féin i dtimpeallachtaí agus trí chaidrimh atá tacúil mealltach agus a chuimsíonn gach duine.

Cuirtear aidhmeanna na sonraíochta seo i láthair i dtrí ghrúpa: fócas ar pháistí agus ar a saol, cumarsáid agus ceangail páistí le daoine eile agus foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí.

### 1. Páistí agus a saol

- Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí:
- a chur ar chumas páistí tógáil ar eolas agus ar thaithí atá acu cheana féin ar theanga agus ar fhoghlaim teanga le cur lena bhfoghlaim teanga
  - páistí a spreagadh le glacadh leis an nGaeilge agus lena húsáid agus an ghné seo dá bhféiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn
  - páistí a spreagadh le bheith bródúil as a n-oidhreacht teanga agus chultúrtha agus í a roinnt
  - aitheantas a thabhairt don éagsúlacht leathan taithe, cumas, riachtanas, spreagthaigh, tréithe agus acmhainní a bhíonn ag páistí agus iad ag foghlaim teangacha ar scoil mar an chéad chéim le cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach i gcaidreamh bríoch cumarsáideach
  - comhthuiscint, caoinfhulaingt agus meas ar fhéiniúlachtaí agus ar éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn.

### 2. Cumarsáid agus ceangail páistí le daoine eile

- Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí:
- glacadh le huathúlacht na bpáistí trína meas ar a dteanga bhaile, a dtuiscint ar theanga agus ar ilghnéitheacht, agus a gcumas chun teangacha, gothaí agus uirlisí éagsúla a úsáid le cumarsáid a dhéanamh le daoine i gcomhthéacsanna agus i suímh éagsúla a chothú
  - páistí a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid a dhéanamh sa chéad teanga agus sa dara teanga de chuid na scoile araon agus cumarsáid a dhéanamh i dteanga(cha) an bhaile le haghaidh cuspóirí éagsúla
  - páistí a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid a dhéanamh ar mhaithe le réimse cuspóirí ag leibhéal an-bhunúsach go leibhéal bunúsach in T3 na scoile ag Céim 4
  - páistí a chumasú le bheith rannpháirteach go hiomlán i réimse leathan d'eispéiris teanga agus cumarsáideacha atá ábhartha agus lán brí le páistí ar comhaois leo agus le daoine fásta, agus le taitneamh a bhaint astu.


### 3. Foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí

- Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí:
- spéis ar feadh an tsaoil i bhfoghlaim teanga, agus grá d'fhoghlaim teanga, a chothú i bpáistí ar mhaithe le taitneamh agus saibhriú pearsanta agus, ar an gcaoi sin, dearcadh dearfach i leith cumarsáide agus teanga a chur chun cinn
  - tuiscint páistí ar an domhan a leathnú trí éagsúlacht shaibhir eispéiris teanga agus trí fheasacht agus meas i leith teangacha agus cultúir eile a chothú i dtimpeallacht foghlama a shaibhríonn iad
  - páistí a chumasú chun úsáid shamhlaíoch agus chruthaitheach a bhaint as teanga agus tuiscint a bheith acu ar ghnéithe aeistéitiúla na teanga
  - páistí a spreagadh le bheith rannpháirteach go pearsanta i réimse leathan de théacsanna labhartha, i dteanga chomharthaíochta, geáitsíochta, scríofa agus ilmhódacha, agus smaoinemh go criticiúil orthu
  - tacú le páistí lena scileanna liteartha a fhorbairt agus iad a chumasú le dul chun cinn a dhéanamh ar a luas foghlama féin i dteanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht
  - feasacht teanga a chothú sna páistí, ionas go dtuigfidh siad agus go mbeidh meas acu ar ábhar agus ar struchtúr teangacha agus chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad teangacha.

## 4. Snáitheanna agus Gnéithe

Tá trí shnáithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile – teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus NTI araon. Sna trí shnáithe, déantar cur síos sna gnéithe ar fhoghlaim teanga bhunriachtanach. Tá tacar de Thorthaí Foghlama ag gach gné, ina ndéantar cur síos ar fhoghlaim thábhachtach teanga ó thaobh coincheap,

meonta agus scileanna. Baineann na Torthaí Foghlama a bhaineann le NTI ag Céimeanna 3 agus 4 leis na trí shnáithe – teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Tacaíonn sé sin le cur chuige comhtháite chun eolas, scileanna agus meonta a fhorbairt.



**Fíor 4:** Gnéithe teanga sa teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht

Is iad na gnéithe den fhoghlaim teanga i gCuraclam Teanga na Bunscoile:

1. Caidrimh chumarsáideacha a fhorbairt trí theanga
2. Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint
3. Teanga a fhiosrú agus a úsáid
4. Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir

Tá líonra idirnasc ann, ní hamháin idir na gnéithe ach trasna na snáitheanna. Cé go dtacaíonn gach snáithe le forbairt gach snáithe eile, ní mór aird ar leith a thabhairt sna luathbhlianta ar an snáithe 'teanga ó bhéal', a bhfuil an éisteacht agus an labhairt san áireamh ann, mar gur cuid bhunúsach é d'fhorbairt na léitheoireachta, na scríbhneoireachta agus na foghlama ar fud an churaclaim. Is de thoradh ar fheasacht ar an gcaidreamh idir na gnéithe agus trasna na snáitheanna a chomhlíontar cumas an churaclaim teanga chomhtháite. Leagtar béim ar an gcumas sin trí na téarmaí 'téacs' agus 'seánra'.

Tógann Curaclam Teanga na Bunscoile ar phrionsabail Aistear: *Creatchuraclam na Luath-Óige*. Leagann na prionsabail sin béim ar an tábhacht a bhaineann le caidreamh idir duine fásta agus páiste agus le taithí spraiúil lánbhri ó thaobh fhoghlaim agus fhorbairt na bpáistí de. Agus cumas páistí le cumarsáid a dhéanamh go cumasach muiníneach á fhorbairt, leagann Curaclam Teanga na Bunscoile béim ar an tábhacht a bhaineann le meonta a fhorbairt chomh maith le coincheapa agus scileanna.

Tugtar sainmhíniú in Aistear ar mheonta mar thréithe atá uathúil do gach duine agus a ndéanann idirghníomhaíochtaí agus caidrimh difear dóibh go dearfach agus go diúltach. Deirtear 'Is é is meon ann ná é a bheith de nós ag an bpáiste freagairt don chás ina bhfuil sé/sí ar bhealaí áirithe' (Rialtas na hÉireann, 2024, lch 32), lena n-áirítear neamhspleáchas, fiosracht, spraiúlacht, buanseasmhacht, féinmhuinín, teacht aniar agus seiftiúlacht. I gcás foghlaim agus forbairt teanga páistí, mar shampla, áirítear meon dearfach i leith na léitheoireachta (i.e. an 'fonn léitheoireachta') sna Torthaí Foghlama mar aon le coincheapa agus scileanna a bhaineann le foghlaim na léitheoireachta.

Tá coincheapa, meonta agus scileanna i gcoilár Torthaí Foghlama teanga sa tsonraíocht seo. Déantar na coincheapa, meonta agus scileanna sin a fhorbairt mar is cuí i ngach comhthéacs scoile agus de réir fhoghlaim na bpáistí i dteangacha na scoile. Tugtar faisnéis faoi choincheapa, meonta agus scileanna ar leith sa Ghluais. Tugtar breac-chuntas níos mine ar na scileanna teanga a bhaineann leis na gnéithe don T1/T2 in Aguisín A.



## Gné 1: Caidrimh chumarsáideacha a fhorbairt trí theanga (Cumarsáid)

Sa ghné seo díritear ar eolas agus tuiscint na bpáistí a fhorbairt faoin gcaoi a gcruthaímid agus a roinnimid brí le chéile i gcaidrimh chumarsáideacha, mar éisteoirí agus mar chainteoirí, agus mar dhaoine a thugann agus a ghlacann faisnéis. Go sonrach, baineann sé le forbairt a dhéanamh ar na scileanna a thacaíonn leis an bpróiseas sin agus, ar an gcaoi sin, tógann an ghné ar an téama Cumarsáide in *Aistear*. Sa chaoi is go mbeidh páistí in ann brí a thógáil agus a roinnt i gcaidrimh chumarsáideacha, ní mór dóibh a bheith rannpháirteach mar éisteoirí agus mar chainteoirí. Is scileanna cómhalartacha iad éisteacht agus freagairt agus forbraítear iad in éineacht.

Tugtar tacaíocht d'aird agus do thuiscint cainte na bpáistí, agus forbraítear iad, trí ábharthacht a bhfreagraí agus an méid a bhíonn le rá acu faoin topaic atá á plé. I suíomh comhráiteach, tugann an múinteoir tacaíocht agus/nó déanann siad athrú ar na leibhéil tuisciana. Glacann siad a seal ag cur leis an topaic atá á plé agus ag tabhairt dúshlán breise don pháiste/do na páistí le haghaidh tuiscint na cainte agus cur in iúl de réir mar atá an páiste ag cur a thuilleadh leis an gcomhrá. Nuair a dhéanann an múinteoir é seo, aithníonn siad gur fearr a fhoghlaimíonn roinnt páistí le comharthaí, le hamharciómhánna, nó trí chéadfaí eile ar nós an tadhail. Braitheann an malartú brí cómhalartach ar an mbealach a ndéileáiltear le héisteacht agus labhairt mar scileanna cómhalartacha atá le forbairt mar chuid den churaclam. Beidh tuiscint dhea-fhorbartha ag formhór na bpáistí a thagann go dtí an seomra ranga ar an gcaidreamh cumarsáideach agus beifear ag tógáil ar an taithí atá acu cheana féin sa ghné seo. Ní bheidh na caidrimh sin chomh forbartha céanna i gcás páistí áirithe, agus i gcás mionlaigh beifear ag díriú ar chaidreamh cumarsáideach a chur ina láthair den chéad uair. Cé go bhfuil gaol idir na ceithre ghné, baineann na coincheapa, na meonta agus na scileanna a chuirtear in iúl sna Torthaí Foghlama don ghné seo le dul chun cinn na bpáistí sna trí ghné eile. Is éard a chuirtear chun cinn sna Torthaí Foghlama seo ná taitneamh, spreagadh, rogha, agus braistint chuspóra agus rannpháirtíochta ó thaobh úsáid a bhaint as teanga chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.

## Gné 2: Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint (Tuiscint)

Díritear sa ghné seo ar fhorbairt a dhéanamh ar chumas páistí téacsanna a chruthú agus idirghníomhú go maith leo, agus iad ag úsáid eolas agus tuiscint ar ábhar agus struchtúr na teanga atá ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile. Díritear sna Torthaí Foghlama seo ar struchtúr abairte agus ar ghramadach, ar fhoclóir ó bhéal agus ar fhoclóir léitheoireachta, ar ghnásanna cló, ar fheasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach, ar aithint focal, ar litriú agus ar thuiscint. Taobh istigh den churaclam, tuigfidh agus úsáidfidh páistí foclóir agus struchtúir abairte ag leibhéal a bheidh ag éirí níos casta de réir a chéile. Tá tuiscint na cainte ríthábhachtach d'fhorbairt foclóra agus struchtúr abairte an pháiste. I snáithe na teanga ó bhéal, forbraítear éisteacht agus labhairt, tuiscint agus cur in iúl mar scileanna cómhalartacha sa chaidreamh sóisialta a tharlaíonn idir an múinteoir agus an páiste, agus idir an páiste agus páiste nó páistí eile, agus iad i mbun comhrá. Cuirtear scileanna éisteachta agus labhartha páistí in iúl. Forbraítear iad a thuilleadh tríd an úsáid a bhaineann na páistí as focail agus frásaí sa chomhthéacs bunaidh ar dtús agus trína leathnú amach ina dhiaidh sin go comhthéacsanna nua a théann thar an gcomhthéacs bunaidh inar chuala siad iad á n-úsáid.

### Gné 3: Teanga a fhiosrú agus a úsáid (Fiosrú agus úsáid)

Tugtar tús áite sa ghné seo do chumas páistí a fhorbairt chun teanga a fhiosrú agus a úsáid le haghaidh réimse leathan cuspóirí, i seánraí éagsúla, agus le cineálacha éagsúla lucht féachana, cuid acu a bhfuil aithne acu orthu agus cuid eile nach bhfuil. Ach teanga a fhiosrú agus a úsáid, cothaítear braistint ghutha agus forbraítear léirtheiscint do ghné aeistéitiúil na teanga. De réir mar a théann siad i ngleic le téacsanna éagsúla labhartha agus scríofa agus de réir mar a chruthaíonn siad iad, forbraítear feasacht ar ghuth an údair sna páistí. Agus iad ag fiosrú agus ag úsáid teanga sa churaclam, beidh ar pháistí éisteacht le hinsintí agus le cuntais fhíriciúla a bheidh ag éirí níos casta agus níos teibí de réir a chéile, agus iad a chur in iúl. Tá tuiscint na cainte ar théacsanna casta ó bhéal rithábhachtach do thuiscint na bpáistí ar an gcaoi a n-úsáidtear teanga mar chuid de churaclam, chun smaointe a chumadh agus rudaí a mhaíomh. I snáithe na teanga ó bhéal, forbraítear an éisteacht agus an labhairt mar scileanna cómhalartacha agus tugtar tacaíocht don tuiscint agus leathnaítear í trí chur in iúl. Tacaíonn tógáil seo na brí, ó bhéal agus go sóisialta, trí éisteacht agus labhairt, le léitheoireacht agus scríbhneoireacht, áit a gcaithfidh na páistí páirt a ghlacadh astu féin, tuiscint a bhaint amach agus freagra a thabhairt agus brí á tógáil le téacsanna scríofa.

Ba cheart díriú ar thrí shaghas ceiste – ceisteanna fiosracha, ceisteanna a bhaineann le gnáthaimh agus ceisteanna a úsáidtear ar mhaithe le cuspóirí sóisialta. Mar chuid de theanga a úsáid go cruthaitheach spraiúil, bítear ag súgradh le teanga gan chiall, rud a chuireann go mór le forbairt scileanna meitheangeolaíocha na bpáistí. Díritear sna Torthaí Foghlama don ghné seo ar réimse leathan feidhmeanna agus seánraí teanga idir theanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht chomh maith le líofacht, tuiscint, peannaireacht, an próiseas scríbhneoireachta agus intinn an údair.

### Gné 4: Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir

Tá gnéithe den fheasacht teanga le brath i ngach ceann de chéimeanna *Churaclam Teanga na Bunscoile* trí na Torthaí Foghlama a bhaineann le Gnéithe 1, 2 agus 3. Léirítear é sin i nGné 4 – Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir – atá fite fuaite i nGnéithe 1, 2 agus 3. Trí NTI a thabhairt isteach i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* do Chéimeanna 3 agus 4, leagtar béim níos mó ar fheasacht teanga. Dá réir sin, tugtar tús áite níos mó don ghné seo ag Céimeanna 3 agus 4. Déanann an ghné seo iniúchadh ar an eolas, taithí agus feasacht atá ag na páistí cheana féin ar theangacha agus cuireann sí leo, agus déanann sí ceiliúradh ar an éagsúlacht teangacha agus chultúrtha laistigh agus lasmuigh den scoil.

Is é is aidhm don bhéim ar an bhfeasacht teanga i nGné 4 réamhfhoghlaim na dteangacha a neartú trí eolas intuigthe na bpáistí ar theangacha laistigh agus lasmuigh den seomra ranga a ghníomhachtú. Trí thacú leis na páistí an méid atá ar eolas acu faoi theangacha agus faoin bhfoghlaim teanga cheana féin a thabhairt faoi deara, forbraíonn a bhfeasacht teanga agus éiríonn sí níos follasaí.

Nuair atá teangacha á n-iniúchadh, tacaítear leis na páistí le hiniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht ina bhfuil éagsúlacht agus atá saibhir ó thaobh na teangeolaíochta de, ina n-idirghníomhaíonn siad go laethúil agus ina bhfaigheann siad taithí ar an domhan. Foghlaimíonn páistí le hiniúchadh a dhéanamh ar bhunús focal, an chaoi a bhforbraíonn teangacha agus an chaoi a n-imríonn siad tionchar ar a chéile agus a mbíonn baint acu lena chéile, chomh maith le huathúlacht teangacha aonair. Tarraingítear aird na bpáistí freisin ar an réamheolas atá acu mar fhoghlaimoirí na Gaeilge, an Bhéarla, a dteangacha baile agus teangacha eile. Leagtar béim ar an eolas, na scileanna agus na straitéisí a úsáideann siad cheana féin ina stór teangeolaíoch agus forbraítear a thuilleadh iad chun tairbhe na foghlama i ngach teanga atá acu agus sa tuiscint atá acu orthu féin mar fhoghlaimoirí teanga. Ós rud é go mbíonn dlúthcheangal idir teangacha agus cultúir, cuireann an ghné seo deiseanna ar fáil do pháistí feasacht idirchultúrtha a fhorbairt trí na cultúir a bhaineann le teangacha laistigh agus lasmuigh den seomra ranga a iniúchadh agus a cheiliúradh. Foghlaimíonn siad lena gcultúr féin agus cultúir eile a thuiscint, a cheiliúradh, a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht agus le plé le páistí ó chultúir eile go hoscailte agus go measúil.



## 5. Torthaí Foghlama

Chun cumas gach páiste a chothú, tá sé tábhachtach go gcuirtear Torthaí Foghlama in iúl go soiléir. Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair na Torthaí Foghlama do *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Úsáidtear Torthaí Foghlama le cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbítear ag súil leo ó fhoghlaimoir tar éis tréimhse ama. Aithnítear sa tsonraíocht go rachaidh cúinsí, eispéiris agus cumais éagsúla na bpáistí i bhfeidhm ar an dul chun cinn a dhéanfaidh siad i dtreo Torthaí Foghlama. Ach díriú ar fhoghlaimoirí, cabhraíonn na torthaí le múinteoirí cineálacha cuí cur chuige oideolaíoch a úsáid chun tacú le páistí ar a n-aistear foghlama. Ag léiriú phrionsabal *Aistear*, úsáidtear an frása ‘Trí eispéiris chuí foghlama spráúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann...’ leis na Torthaí Foghlama uile a chur i láthair i ngach céim. Leagann an frása seo, a úsáidtear chun na Torthaí Foghlama a chur i láthair, béim ar a thábhachtaí agus atá eispéiris foghlama teanga ghníomhacha, idirghníomhacha, spráúla agus thaitneamhacha do pháistí i rith a gcuid bunscolaíochta ar fad.

Dirítear sna Torthaí Foghlama ar an bhfoghlaim mar phróiseas cumasúcháin a chabhraíonn leis na páistí a gcumas gníomhúcháin féin a fhorbairt, chomh maith le coincheapa, scileanna agus meonta. Tacaítear le cumas gníomhúcháin an mhúinteora chun breithiúnais phroifisiúnta a dhéanamh le linn ullmhú, pleanála agus teagaisc agus le linn measúnú a dhéanamh ar na páistí uile. Le linn do mhúinteoirí a bheith ag ullmhú d’eispéiris foghlama agus teagaisc, is féidir leo díriú ar ghnéithe ar leith de Thoradh Foghlama nó, in amanna, ar ghnéithe de Thorthaí Foghlama iomadúla. Cabhraíonn siad le múinteoirí freisin cineálacha cuí cur chuige oideolaíoch a roghnú agus na modhanna measúnachta is fearr a oireann don fhoghlaim atá beartaithe a shainaithe. Is féidir le Torthaí Foghlama, nuair a roinntear le foghlaimoirí iad, cabhrú leo a bheith soiléir faoina bhfuil á fhoghlaim acu, a bheith ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh acu agus a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha ina gcuid foghlama féin. Tacaíonn múinteoirí le páistí na Torthaí Foghlama a bhaint amach agus spreagann siad iad chun a gcuid eispéireas foghlama féin a chruthú a bhaineann le gnéithe de na Torthaí Foghlama agus a fheileann is fearr dá riachtanais. Aithníonn na torthaí go bhfoghlaimíonn páistí agus go múineann múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla agus go mbeidh na haistir theagaisc/foghlama difriúil sna comhthéacsanna sin.


Leagtar béim sna Torthaí Foghlama ar fhorbairt scileanna srianta agus neamhsrianta na bpáistí.

- Tá scileanna srianta, cuir i gcás eolas ar litreacha agus gnásanna cló, bunriachtanach mar gur cuid bhunúsach iad d’fhoghlaim agus d’fhorbairt na bpáistí níos déanaí. Is féidir iad sin a bhaint amach thar thréimhse ama ar leith agus, nuair a bhaintear amach na scileanna seo, cuireann siad ar chumas páistí a litearthacht a fhorbairt a thuilleadh.
- Forbraítear scileanna neamhsrianta, cuir i gcás tuiscint agus foclóir, i rith shaolré an pháiste. Le dul chun cinn agus forbairt a dhéanamh sna scileanna seo ní mór do pháistí dul i ngleic le téacsanna ó bhéal agus scríofa a bhíonn ag éirí níos casta, agus iad a chruthú.

## Na Príomhinniúlachtaí

Tá seacht bpríomhinniúlacht i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fíis an churaclaim. De réir mar a leagtar amach i gCreatchuraclam na Bunscoile iad, tógann na hinniúlachtaí ar na cumais a shealbhaíonn na páistí le linn a n-eispéireas oideachais luath-óige le *Aistear* agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil trí

eispéiris foghlama arna múnú ag an *gCreat don tSraith Shóisearach*. Agus na páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* agus ag tabhairt faoi eispéiris shaibhre foghlama, tógtar agus forbraítear na príomhinniúlachtaí sin ag an am céanna.



**Fíor 5:** Príomhinniúlachtaí

**Tábla 2:** Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear tríd an bhfoghlaim teanga

Príomhinniúlacht	Samplaí de thréithe a fhorbraítear tríd an bhfoghlaim teanga
<b>A bheith i do shaoránach gníomhach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Eolas maidir le teanga agus cultúr a fhiosrú le meas ar ár ndomhan agus ar ár sochaí a fhorbairt</li> <li>Teanga a úsáid le bheith rannpháirteach go criticiúil sa tsochaí</li> </ul>
<b>A bheith i d'fhoghlaimoir gníomhach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim teanga agus na straitéisí is éifeachtaí i do chás féin a shainiú</li> <li>Foghlaim le daoine eile sa seomra ranga agus uathu, agus léirthiscint a bheith agat don eolas a thugann páistí a bhfuil teangacha baile éagsúla acu isteach sa seomra ranga</li> </ul>
<b>A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Teanga a úsáid go spontáineach agus go barántúil mar bhunbhealach le brí i ngach réimse curaclaim a thuiscint agus a léirmhíniú</li> <li>Scileanna cumarsáideacha i dteanga a chothú le comhoibriú agus nascadh le daoine eile</li> </ul>
<b>A bheith cruthaitheach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Dul i ngleic le húsáid spráil agus chruthaitheach teanga, ar nós filíochta, drámaíochta, amhránaíochta, próis agus cluichí</li> <li>Iníúchadh a dhéanamh ar theanga agus í a úsáid le fiosracht, oscailteacht agus samhlaíocht</li> </ul>
<b>A bheith i d'fhoghlaimoir digiteach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Faisnéis ábhartha a aimsiú, a roghnú agus a anailísiú go criticiúil i meáin éagsúla, ina measc téacs, ábhar amhairc agus ábhar fuaime</li> <li>Plé le hábhair dhílse le linn na foghlama faoi theangacha agus cultúir</li> </ul>
<b>A bheith matamaiticiúil</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cosúlachtaí agus difríochtaí i struchtúir abairte ó theanga go teanga a aithint</li> <li>Patrúin fuaime, cruthanna litreach agus focail, siollaí, srl., a fhiosrú agus a thuiscint</li> </ul>
<b>A bheith slán</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Caidrimh a chothú trí theanga agus cumarsáid</li> <li>Glacadh le luach agus tábhacht gach uile theanga agus cultúir sa seomra ranga le féinghlacadh agus féinfheasacht a chothú</li> </ul>

## Eagraítear Torthaí Foghlama de réir snáitheanna agus gnéithe

Tá coincheapa, meonta agus scileanna i gcroílár Torthaí Foghlama teanga sa tsonraíocht seo. Tugann Tábla 3a agus 3b léargas ginearálta gearr ar na Torthaí Foghlama. Baintear úsáid as lipéid nó giorrúcháin do na Torthaí Foghlama chun tagairt a dhéanamh do na coincheapa, meonta agus scileanna ar fud na snáitheanna agus na ngnéithe le haghaidh

na Gaeilge, an Bhéarla agus NTI (le haghaidh Chéimeanna 3 agus 4 chun Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir). Mar shampla, ag féachaint ar Ghné 1 i dTábla 3a, tá rannpháirtíocht lárnach sa chéad Toradh Foghlama i ngach snáithe – teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Tábla 3a: Léargas ginearálta ar na Torthaí Foghlama don Ghaeilge (T1) agus don Bhéarla (T2)

Gné Element	Teanga ó Bhéal Oral Language	Léitheoireacht Reading	Scribhneoireacht Writing
Cumarsáid Communicating	<b>Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird</b> Engagement, listening and attention	<b>Rannpháirtíocht</b> Engagement	<b>Rannpháirtíocht</b> Engagement
	<b>Inspreagadh agus rogha</b> Motivation and choice	<b>Inspreagadh agus rogha</b> Motivation and choice	<b>Inspreagadh agus rogha</b> Motivation and choice
	<b>Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile</b> Social conventions and awareness of others		
Tuiscint Undersanding	<b>Struchtúr abairte agus gramadach</b> Sentence structure and grammar	<b>Gnásanna cló agus struchtúr abairte</b> Conventions of print and sentence structure	<b>Gnásanna cló agus struchtúr abairte</b> Conventions of print and sentence structure
	<b>Stór focal</b> Vocabulary	<b>Stór focal</b> Vocabulary	<b>Stór focal</b> Vocabulary
	<b>Léiriú tuisciana</b> Demonstration of understanding	<b>Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail</b> Phonics, word recognition and word study	<b>Litriú agus staidéar ar fhocail</b> Spelling and word study
		<b>Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach</b> Phonological and phonemic awareness	
Fiosrú agus úsáid Exploring and using	<b>Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe</b> Requests, questions and interactions	<b>Cuspóir, seánra agus guth</b> Purpose, genre and voice	<b>Cuspóir, seánra agus guth</b> Purpose, genre and voice
	<b>Catagóiriú</b> Categorisation	<b>Tuiscint</b> Comprehension	<b>Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs</b> Writing process and creating text
	<b>Athinsint agus mionléiriú</b> Retelling and elaboration	<b>Freagairt agus intinn an údair</b> Response and author's intent	<b>Freagairt agus intinn an údair</b> Response and author's intent
	<b>Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach</b> Playful and creative use of language	<b>Líofacht agus féincheartú</b> Fluency and self-correction	<b>Peannaireacht agus cur i láthair</b> Handwriting and presentation
	<b>Eolas, míniú agus údar a thabhairt</b> Information giving, explanation and justification		
	<b>Cur síos, tuar agus machnamh</b> Description, prediction and reflection		

Tábla 3b: Léargas ginearálta ar na Torthaí Foghlama do Nuatheangacha lasachta ag Céim 3 agus Céim 4

	Gné	Teanga ó Bhéal	Léitheoireacht	Scribhneoireacht
Céim 3 agus Céim 4	Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir	Teangacha a fhiosrú		
		Mé féin mar fhoghlaimoir teanga a thuiscint		
		Feasacht idirchultúrtha a fhorbairt		
Céim 4	Caidrimh chumarsáideacha a fhorbairt trí theanga	Eagraítear Torthaí Foghlama do T3 de réir gné agus baineann siad le gach snáithe ag Céim 4 ag leibhéal an-bhunúsach go leibhéal bunúsach*		
	Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint			
	Teanga a fhiosrú agus a úsáid			

\* Tá an **Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)**, inniúlachtaí réamh-A1 go A1, mar bhonn eolais leis an bhfoghlaim a bhfuil coinne leis ag leibhéal an-bhunúsach go leibhéal bunúsach sa T3.

Tagraíonn an-bhunúsach go bunúsach sa T3 d'aistear foghlama páistí nach bhfuil aon eispéireas roimh ré acu leis an T3. Ar dtús, bíonn tuiscint agus úsáid beagán focal astu féin nó frásaí an-bhunúsach a bhaineann le riachtanais choíncreiteacha, focail agus frásaí aitheanta nó phearsanta a aithint nuair a thacaíonn an comhthéacs (m.sh., pictiúir, gothaí láimhe nó athrá, srl.) mar shaintréith leis seo. Áirítear ann freisin teanga a úsáid ar bhealach teoranta, b'fhéidir leas a bhaint as focail aonraithe, beannachtaí simplí nó nathanna de ghlanmheabhair, mar shampla.

Le himeacht ama, d'fhéadfadh an fhoghlaim dul ar aghaidh chuig tuiscint a fháil agus nathanna laethúla agus frásaí an-bhunúsach go bunúsacha a úsáid dírithe ar riachtanais choíncreiteacha a shásamh, iad féin agus daoine eile a chur in aithne agus ceisteanna a chur/a fhreagairt maidir le sonraí pearsanta. Áirítear ar shamplaí de sin an áit a chónaíonn siad, daoine a bhfuil aithne acu orthu agus rudaí atá acu. Féadfaidh siad idirghníomhú freisin ar bhealach simplí le duine eile má labhraíonn an duine sin go mall agus go soiléir agus go bhfuil siad sásta cuidiú a thabhairt dóibh.

## Téacs, seánra agus aistriú scileanna

Déantar tagairt ina lán de na Torthaí Foghlama do 'théacs' agus do 'sheánra'. Tá an sainmhíniú ar na téarmaí sin leathan agus tá sé i gceist go mbeidís ag tacú le cur chuige ilmhodha, ildisciplíneach agus ionchuimsitheach i leith foghlaim agus múineadh teanga.

« Cuimsíonn 'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, geáitsíocht, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlach, leictreonach, digiteach agus ilmhódach. »

« Tagraíonn 'seánra' do rogha foirmeacha ó bhéal agus scríofa d'fhonn rudaí a athinsint, míniú a thabhairt, siamsaíocht a chur ar fáil, daoine a chur ar an eolas, orduithe a thabhairt, insint a dhéanamh, rudaí a chur ina luí ar dhaoine agus údar a thabhairt le tuairimí. Cuimsíonn foirmeacha béil, i measc nithe eile, seanchas, drámaíocht, filíocht, óráidí, díospóireachtaí, scannánaíocht agus na meáin dhigiteacha, cuir i gcás podchraoltaí, físeáin, fógraíocht agus craoltaí teilifíse agus raidió. Lena chur ar bhealach níos sonraí, is é atá i seánraí ná cineálacha téacs il-abairte ó bhéal nó scríofa a ndearnadh gnásúil iad le haghaidh cuspóirí ar leith. Bíonn patrún eagraíochtúil áirithe ag baint leo, chomh maith le gnéithe teanga a bhaineann le réim, m.sh., insinte, faisnéise, áititheach agus ilseánra. »

Cuirtear na Torthaí Foghlama do chéad teanga na scoile, Gaeilge (T1), i láthair i dtosach agus cuirtear na Torthaí Foghlama don dara teanga, Béarla (T2), i láthair ina dhiaidh sin. Déantar iad a ghrúpáil de réir snáithe, ag tosú leis an teanga ó bhéal, ansin an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht; agus déantar iad a liostú in ord ag baint úsáid as na gnéithe Cumarsáid, Tuiscint agus Fiosrú agus úsáid.

Liostaítear na Torthaí Foghlama a bhaineann le NTI (ag Céimeanna 3 agus 4) faoin ngné Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir agus baineann siad leis na trí shnáithe (teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht). Liostaítear Torthaí Foghlama breise do T3 na scoile ag Céim 4 faoi na gnéithe Caidrimh chumarsáideacha a fhorbairt trí theanga, Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint agus Teanga a fhiosrú agus a úsáid, agus baineann siad leis na trí shnáithe (teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht).

I gcás a lán de na Torthaí Foghlama sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, tá coincheapa agus scileanna ag baint leo ar féidir iad a aistriú trasna Torthaí Foghlama ó theanga amháin go dtí an teanga eile. Taispeántar an áit ar féidir leis an aistriú tarlú le nasc-chomhartha [↗](#) a liostaítear i ndiaidh an toraidh ábhartha. I ndiaidh an nasc-chomhartha tá cód dhá chuid. Tosaíonn an cód le huimhir an Toraidh Foghlama nasctha i mBéarla [LO: Learning Outcome] nó i nGaeilge [TF: Toradh Foghlama]. Ina dhiaidh sin bíonn an chéim/na céimeanna a bhaineann leis an toradh sin [S: stage, C: céim].

Sa sampla i dTábla 4 thíos, is chuig Toradh Foghlama sonrach Béarla T2 an nasc, is é 'LO1' an cód do Learning Outcome (Toradh Foghlama) nasctha uimhir 1 agus is é 'S1+2' an cód do Stage (Céim) 1 agus 2.



## Tábla 4: Aistriú trasna Torthaí Foghlama –

**Teanga: Gaeilge T1**  
**Snáithe: Teanga ó Bhéal**  
**Céimeanna: 1 agus 2**  
**Gné: Caidrimh chumarsáideacha a fhorbairt trí theanga**

I. Rannpháirtíocht,  
éisteacht agus aird

Suim a chur i rud éigin,  
comhaird a thabhairt agus  
éisteacht go gníomhach ar  
mhaithe le taitneamh agus  
le cuspóir ar leith, agus i  
theangacha eile nuair is cuí

LO1, SI+2

Tosaíonn an ceathrú gné, Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir, ag Céim 3. Mar sin féin, tá go leor Torthaí Foghlama freisin a bhaineann le feasacht teanga a shníonn trí na Torthaí Foghlama do chéad teanga na scoile, an Ghaeilge (T1), agus dara teanga na scoile, an Béarla (T2). Bíonn siad sin i láthair ag gach céim (Céim 1 go Céim 4) agus léiríodh iad sin ag úsáid deilbhín ribín na gné Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir.



**Fíor 6:** Deilbhín Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir



## Litearthacht sa chéad, sa dara agus sa tríú teanga de chuid na scoile

### Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

Cainteoirí Gaeilge nach cainteoirí dúchais iad atá ag freastal ar scoil Ghaeltachta nó ar scoil lán-Ghaeilge, déanfar iad a thumadh ar feadh tréimhse in T1 na scoile (Gaeilge). Tarlaíonn an tumoideachas nuair a thumtar páistí i dteanga atá éagsúil lena dteanga bhaile. Tar éis a bheith tumtha sa Ghaeilge ar feadh tréimhse, aistríonn páistí na scileanna – go háirithe sa litearthacht – atá foghlamtha acu go dtí teanga an bhaile agus a mhalairt. I scoileanna Gaeilge, tar éis tréimhse ghníomhach teagmhála le Gaeilge agus bunús a fháil sa teanga ó bhéal agus tar éis d'eispéiris léitheoireachta agus scríbhneoireachta teacht chun cinn, cuirfear scileanna foirmiúla litearthachta i láthair na bpáistí in T1 na scoile (Gaeilge) ag Céim 1 (na naíonáin shóisearacha agus shinsearach).

Ar mhaithe le cleachtas an tumoideachais i scoileanna Gaeilge a éascú, tá rogha ann tréimhse de lántumadh luath a chur i bhfeidhm go dtí deireadh rang na naíonán sinsearach, faoi réir ag faomhadh bhord bainistíochta na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le múinteoirí, agus le cumann na dtuismitheoirí. I gcás scoileanna Gaeltachta, tá tréimhse de lántumadh luath go deireadh rang na naíonán sinsearach riachtanach. Ní thosófar mar sin ar mhúineadh an Bhéarla agus scileanna foirmiúla litearthachta in T2 na scoile go dtí tar éis na tréimhse de lántumadh luath de réir mar a leagtar amach sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022*. Sna scoileanna seo is ar na Torthaí Foghlama do T1 na scoile (Gaeilge) a bhaint amach a bheidh an bhéim i gCéim 1 (na naíonáin shóisearacha agus shinsearach). Cuirfear siar baint amach na dTorthaí Foghlama do T2 na scoile (Béarla) go dtí tar éis na tréimhse tumtha nuair a chabhrófar le páistí na scileanna atá sealbhaithe acu sa Ghaeilge a aistriú go dtí an Béarla.

Beifear ag súil mar sin, in ainneoin go mbeidh na páistí ag tosú ar an mBéarla níos déanaí, go rachaidh siad trí Torthaí Foghlama Chéim 1 níos tapúla. Léiríonn an taighde ar chomhthéacsanna mar seo ina gcuirtear siar foghlaim na mórtheanga ar feadh tréimhse go gcruthaíonn na páistí chomh maith nó níos fearr sa mhórtheanga faoi dheireadh agus go gcuidíonn sé le buanú, sealbhú agus foghlaim na mionteanga. Anuas air sin, bronnann sé stádas ar an mionteanga.

Ag Céim 4, is féidir tús a chur le litearthacht in T3 láithreach. Is féidir leis na páistí tógáil ar na scileanna litearthachta atá acu cheana féin in T1 agus T2 na scoile agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm ar T3 na scoile. Ós rud é go bhfoghlaimeofar T3 ó leibhéal an ghiantosaitheora, is féidir leis an múinteoir an litearthacht a scafláil agus is féidir tacaíochtaí a úsáid nuair is gá. Ag Céim 4, beidh an leibhéal teanga in T3 an-bhunúsach go bunúsach agus is éard a bheidh i gceist leis ná teanga ghearr is féidir a thuar.



Léiríonn na táblaí ar na leathanaigh seo a leanas na Torthaí Foghlama do Ghaeilge (T1) agus Béarla (T2) do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá na Torthaí Foghlama do NTI ag Céim 3 agus Céim 4 ina dhiaidh sin. Baineann an chuid is mó de na Torthaí Foghlama le haon chéim amháin agus déanann siad cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt bheartaithe ag deireadh na céime sin. Tá roinnt foghlama oiriúnach d'fhorbairt níos fadtéarmaí. I gcásanna áirithe, dá bhrí sin, déantar cur síos ar an bhfoghlaim thar dhá chéim. Nuair a dhéantar cur síos ar Thorthaí Foghlama thar dhá chéim, úsáideann múinteoirí topaicí cuí agus téacsanna a éiríonn níos casta de réir a chéile le pleanáil le haghaidh foghlaim teanga páistí agus tacú léi. Tá ról tábhachtach ag an idirdhealú agus ag breithiúnas an mhúinteora ó thaobh tacú le dul chun cinn gach páiste i dtreo na dTorthaí Foghlama.



## Torthaí Foghlama don Teanga ó Bhéal (T1)

Gné	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus náíonáin shinséaracha Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 2: Rang 1 agus rang 2 Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 3: Rang 3 agus rang 4 Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 4: Rang 5 agus rang 6 Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:
Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus náíonáin shinséaracha Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 2: Rang 1 agus rang 2 Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 3: Rang 3 agus rang 4 Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 4: Rang 5 agus rang 6 Trí eispéiris chuí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:
Cumarsáid	1. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird I. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird	spéis agus comhaird a léiriú, straitéisí tuiscena a úsáid agus stór focal a shealbhú trí éisteacht go gníomhach le Gaeilge shlabhir á labhairt i réimse comhthéacsanna agus i nguthama/canúintí eile chomh maith le guth/canúint an mhúinteora ar mhaithle le spraoi agus cúiseanna faoi leith, cé nach gá go dtuigfeadh siad gach focal. <a href="#">LO1, S1+2</a>	iad féin a aithint mar éisteoirí agus cainteoirí, agus cumarsáid fhuíntach agus chomhbhách a dhéanamh le daoine eile. A bhféiniúlacht a chur in iúl ó bhéal agus teangacha éagsúla a úsáid chuge sin.	éisteacht go gníomhach ar feadh tréimhse ama, ag éisteacht do mhionsonraí agus bríonna caolchúiseacha agus i dteangacha éagsúla mar is cuí.
4. Structúr: abairte agus gramadach	2. Inspregadh agus rogha 3. Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile	téacsanna a roghnú, éisteacht leo, freagairt dóibh, agus téacsanna a chruthú i seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir agus spéise, agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. <a href="#">LO2, S1+2</a>	méasúnú a dhéanamh ar an tsí a dtéann an chúis, an suíomh agus lucht éisteachta/éisteoir i bhfeidhm ar réim, canúint agus bias an chainteora. <a href="#">LO1, S4</a>	measúnú a dhéanamh ar an tsí a dtéann an chúis, an suíomh agus lucht éisteachta/éisteoir i bhfeidhm ar réim, canúint agus bias an chainteora. <a href="#">LO1, S4</a>
5. Stór focal	4. Structúr: abairte agus gramadach	a aithint go n-athraíonn an síl chainte ag brath ar an ngaol idir daoine agus ar an lucht éisteachta, agus tuiscint a léiriú ar ríochtanaís an éisteora. Comhráite ar thopaic pearsanta agus ar thopaic curaclaim a thosú, a leanúint, páirt a ghlacadh iontu agus daoine eile a fhreagairt i bhfocail nó go neamhbhriathartha, le tacaíocht de réir mar is gá. <a href="#">LO3, S1</a>	téacsanna a roghnú, éisteacht leo, freagairt go criticiúil dóibh, agus téacsanna a chruthú i réimse seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir; spéise agus cuspoirí áirithe, agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. <a href="#">LO2, S3+4</a>	an tionchar a bhíonn ag cultúr agus féiniúlacht ar an tsí a ndéanann daoine cumarsáid lena chéile ó bhéal agus go neamhbhriathartha a fhiosrú.
	4. Structúr: abairte agus gramadach	Gaeilge a úsáid go muinteach chun oibriú i bpáirt le daoine eile agus torthaí na hoibre a roinnt le lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad. <a href="#">LO3, S1+2</a>	teanga a úsáid go solúbtha agus go comhbhách nuair a bhítear ag tosú, ag cothú agus ag dul i mbun comhráite ar thopaic pearsanta agus iad siúd atá bunaithe ar an gcuraclam.	éisteacht agus labhairt go muinteach, go neamhspleách agus go hollte chun comhoibriú le daoine eile agus chun aiseolas, smaointí, cinní agus torthaí a chomhroinnt le réimse de lucht éisteachta. <a href="#">LO3, S4</a>
	4. Structúr: abairte agus gramadach	úsáid a bhaint as abairtí sothuigthe a éiríonn níos cuimsithí de réir a chéile, ina bhfuil ord na bhfocal agus struchtúr na habairte ceart, agus sainmhíniú cuí a thabhairt de réir mar is gá. <a href="#">LO4, S1+2</a>	stíl, tuin, luas, stór focal, gothaí gnúise agus comharthaíocht choirp a chur in oiriúint do lucht éisteachta éagsúil agus iad i mbun cumarsáide ó bhéal i réimse de sheánraí <a href="#">LO3, S3</a>	úsáid a bhaint go muinteach, go neamhspleách agus go hollte chun comhoibriú le daoine eile agus chun aiseolas, smaointí, cinní agus torthaí a chomhroinnt le réimse de lucht éisteachta. <a href="#">LO3, S4</a>
	4. Structúr: abairte agus gramadach	úsáid a bhaint as abairtí sothuigthe a éiríonn níos deacra de réir a chéile, ina bhfuil ord na bhfocal agus struchtúr na habairte ceart, agus úsáid a bhaint as nascfocail, comhabairtí agus abairtí casta chun sainmhíniú cuí a thabhairt. <a href="#">LO4, S1+2</a>	éagsúlacht a léiriú i bhfad agus i bhfoirm abairtí, bogadh go réidh idir réimse abairtí, idir shimplí, chomhshuite agus chasta, de réir mar a oireann don lucht éisteachta, don fheidhm agus don teanga atá á labhairt.	stór leathan focal, frásaí agus teanga fhathchiallach a roghnú agus a úsáid go criticiúil, i gcás coincheapa agus topaicí teibí, sainiúla agus atá ar eolas, de réir mar a oireann don lucht éisteachta agus don chuspóir. <a href="#">LO5, S4</a>
	4. Structúr: abairte agus gramadach	úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós gheáitís an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúr, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocal nua a léiriú agus iad a úsáid, agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí.	úsáid chuí na gramadaí a léiriú agus difríochtaí idir struchtúir abairte agus struchtúir gramadaí a aithint i dteangacha agus i granúintí éagsúla. <a href="#">LO4, S3+4</a>	stór leathan focal, frásaí agus teanga fhathchiallach a roghnú agus a úsáid go criticiúil, i gcás coincheapa agus topaicí teibí, sainiúla agus atá ar eolas, de réir mar a oireann don lucht éisteachta agus don chuspóir. <a href="#">LO5, S4</a>
	4. Structúr: abairte agus gramadach	úsáid a bhaint as stór focal agus frásaí ó bhéal a éiríonn níos sofiasticiúla de réir a chéile, ina measc teanga a bhaineann le téacs agus le topaic agus teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith, agus teanga gan chomhthéacs a chur in iúl.	réimse de straitéisí a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun réimse leathan dhifhocal agus de fhásaí a shealbhú ó fhoinsí éagsúla, ar nós litríochta, téacsanna sainbhair agus teangacha eile. <a href="#">LO5, S3</a>	stór leathan focal, frásaí agus teanga fhathchiallach a roghnú agus a úsáid go criticiúil, i gcás coincheapa agus topaicí teibí, sainiúla agus atá ar eolas, de réir mar a oireann don lucht éisteachta agus don chuspóir. <a href="#">LO5, S4</a>
	4. Structúr: abairte agus gramadach	réimse leathan de bhéannaigh, nathanna cainte agus frásaí coitianta a úsáid is tuin agus foghraíocht chuí a úsáid agus iad a úsáid sa chomhthéacs cuí. <a href="#">LO5, S1+2</a>	réimse de straitéisí a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun réimse leathan dhifhocal agus de fhásaí a shealbhú ó fhoinsí éagsúla, ar nós litríochta, téacsanna sainbhair agus teangacha eile. <a href="#">LO5, S3</a>	stór leathan focal, frásaí agus teanga fhathchiallach a roghnú agus a úsáid go criticiúil, i gcás coincheapa agus topaicí teibí, sainiúla agus atá ar eolas, de réir mar a oireann don lucht éisteachta agus don chuspóir. <a href="#">LO5, S4</a>

## Torthaí Foghlama don Teanga Ó Bhéal (T1)

<p>6. Léiniú tuisceana</p>	<p>tuisceant a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint, téacsanna a thuiscint agus cás a chur in iúl go soiléir. <a href="#">LO6, S1 +2</a></p>	<p>tuisceant a léiriú trí éisteacht go gníomhach le comhráite agus le téacsanna i réimse seántraí agus trasna teangacha eile, nuair is cuí, agus na téacsanna sin a thuiscint, a anailísú agus a fhreagairt. <a href="#">LO6, S3</a></p>	<p>tuisceant a léiriú trí éisteacht go gníomhach le comhráite agus téacsanna i réimse seántraí agus trasna teangacha éagsúla, nuair is cuí, anailís a dhéanamh ar na comhráite agus téacsanna sin agus iad a chur i gcomparáid agus a mheasú. <a href="#">LO6, S4</a></p>
<p>7. Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe</p>	<p>riachtanais, tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh go múnineach. <a href="#">LO7, S1 +2</a></p> <p>ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is gá, chun cabhair a lorg, teacht ar eolas agus ar thuiscint, agus chun smaointeoireacht a sholáiríú agus a leathnú. <a href="#">LO7, S1 +2</a></p>	<p>riachtanais, tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus a ndearcadh a mhíniú agus a chosaint.</p> <p>réimse ceisteanna a chur agus a fhreagairt – idir oscailte, dhúnta, reitriciúil, agus treoircheisteanna – ar réimse cúiseanna, ar nós téacsanna a fhiosú agus a phlé; smaointeoireacht a sholáiríú agus a leathnú; tuairimí agus dearcthaí a chur i gcomparáid; agallamh a chur, bheith ag tuairimíocht, ag argóint agus ag áitiú. <a href="#">LO7, S3</a></p>	<p>a roghnú cén bealach agus cén uair le réimse ceisteanna a chur agus a fhreagairt – idir oscailte, dhúnta, reitriciúil, agus treoircheisteanna – agus cúis sholáirí leo. <a href="#">LO7, S4</a></p>
<p>8. Catagóirí</p>	<p>réimse daoine, rudaí, imeachtaí, eispéirias agus coincheapa níos casta a ainmniú, iad a chatagóiriú agus eolas níos doimhne ar an ábhar agus níos mó tuisceana ina leith a léiriú, le tacaíocht de réir mar is gá. <a href="#">LO8, S1 +2</a></p>	<p>catagóiriú a mhíniú agus a chosaint trasna an churaclaim agus tuiscint a léiriú ar an tsíla mblión catagóirí ag síorathrú agus iad éagsúil lena chéile. <a href="#">LO8, S3+4</a></p>	<p>catagóiriú a mhíniú agus a chosaint trasna an churaclaim agus tuiscint a léiriú ar an tsíla mblión catagóirí ag síorathrú agus iad éagsúil lena chéile. <a href="#">LO8, S3+4</a></p>
<p>9. Athinsint agus mionléiriú</p>	<p>scéalta samhlaíochta agus insintí pearsanta a éiríonn níos casta a insint agus a athinsint san ord ceart do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad agus aimsirí agus stór focal ó bhéal a úsáid go cuí. <a href="#">LO9, S1 +2</a></p>	<p>insintí a chruthú agus scéalta agus eachtraí a athinsint - idir fhíor agus samhailteach - do luchtanna éisteachta éagsúla, ag úsáid teanga shamhlaíoch agus mheafarach, ag tabhairt míniú breise nuair is cuí. <a href="#">LO9, S3+4</a></p>	<p>insintí a chruthú agus scéalta agus eachtraí a athinsint - idir fhíor agus samhailteach - do luchtanna éisteachta éagsúla, ag úsáid teanga shamhlaíoch agus mheafarach, ag tabhairt míniú breise nuair is cuí. <a href="#">LO9, S3+4</a></p>
<p>10. Teanga a úsáid go spráilí agus go cruthaitheach</p>	<p>éisteacht agus freagairt le gnéithe aeistéitiúla agus cruthaitheacha teanga agus teanga a úsáid go spráilí agus go cruthaitheach, agus trasna teangacha éagsúla nuair is cuí. <a href="#">LO10, S1 +2</a></p>	<p>éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha na teanga, iad a aithint, agus freagairt dóibh ag leibhéal fuaimne, focail, abairte agus téacs agus an teanga a láimhseáil go cruthaitheach.</p>	<p>éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha na teanga, iad a aithint, agus freagairt dóibh ag leibhéal fuaimne, focail, abairte agus téacs agus an teanga a láimhseáil go cruthaitheach.</p>
<p>11. Eolas, míniú agus údar a thabhairt</p>	<p>pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leo do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair, le tacaíocht de réir mar is gá. <a href="#">LO11, S1 +2</a></p>	<p>teanga a úsáid go spráilí agus go cruthaitheach ina gcomhrá agus a dtéacsanna féin agus trasna teangacha éagsúla nuair is cuí. <a href="#">LO10, S3+4</a></p>	<p>teanga a úsáid go spráilí agus go cruthaitheach ina gcomhrá agus a dtéacsanna féin agus trasna teangacha éagsúla nuair is cuí. <a href="#">LO10, S3+4</a></p>
<p>12. Cur síos, tuar agus machnamh</p>	<p>cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, imeachtaí agus próis a bhaineann le fóir-chomthéacsanna agus le comthéacsanna samhlaíochta, iad a thuar agus machnamh a dhéanamh orthu. <a href="#">LO12, S1 +2</a></p>	<p>cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, eachtraí, próis, mothúcháin agus eispéir a bhaineann le réimse leathan d'fhíor-choincheapa, agus coincheapa samhlaíochta, iad a thuar, agus machnamh agus measú a dhéanamh orthu. <a href="#">LO12, S3+4</a></p>	<p>cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, eachtraí, próis, mothúcháin agus eispéir a bhaineann le réimse leathan d'fhíor-choincheapa, agus coincheapa samhlaíochta, iad a thuar, agus machnamh agus measú a dhéanamh orthu. <a href="#">LO12, S3+4</a></p>

Tuisceant

Fíorsú agus úsáid

## Learning Outcomes for Oral Language (L2)

Element	Number and label	Stage 1: Junior and senior infants <i>Through appropriately playful and engaging learning experiences, children should be able to:</i>	Stage 2: First and second classes <i>Through appropriately playful and engaging learning experiences, children should be able to:</i>	Stage 3: Third and fourth classes <i>Through appropriately playful and engaging learning experiences, children should be able to:</i>	Stage 4: Fifth and sixth classes <i>Through appropriately playful and engaging learning experiences, children should be able to:</i>
Communicating	1. Engagement, listening and attention	show interest in, demonstrate joint attention and actively listen and attend for enjoyment and for a particular purpose, and in other languages where appropriate. <a href="#">TF1, C1+2</a>	recognise themselves as listeners and speakers, engaging purposefully and empathetically with others. express their individuality through their knowledge and use of various languages.	actively listen and attend for extended periods of time, to include other languages where appropriate, listening for more detail and nuanced meanings.	actively listen and attend for extended periods of time, to include other languages where appropriate, listening for more detail and nuanced meanings.
	2. Motivation and choice	choose, listen to, respond to and create texts in a range of genres, and in other languages where appropriate, across the curriculum for pleasure and interest. <a href="#">TF2, C1+2</a>	actively listen and extract meaning and enjoyment from conversations and texts in a range of genres and where possible, in various languages. <a href="#">TF1, C3</a>	choose, listen to, critically respond to and create texts in a range of genres and in other languages where appropriate, across the curriculum for pleasure, interest and specific purposes. <a href="#">TF2, C3+4</a>	evaluate how the purpose, situation and audience/listener influence the speaker's register, dialect and accent. <a href="#">TF1, C4</a>
	3. Social conventions and awareness of others	recognise that language style changes with different relationships and audiences. show understanding of the listener's needs while, with support, initiating, sustaining and engaging in conversations on personal and curriculum-based topics and use a language style and tone suited to the audience. <a href="#">TF3, C2</a>	use language flexibly and with empathy while initiating, sustaining and engaging in conversations on personal and curriculum-based topics. adapt language style such as tone, pace, choice of vocabulary, gestures, facial expressions and body language for a range of audiences whilst communicating orally in a range of genres. <a href="#">TF3, C3</a>	use language flexibly and with empathy while initiating, sustaining and engaging in conversations on personal and curriculum-based topics. adapt language style such as tone, pace, choice of vocabulary, gestures, facial expressions and body language for a range of audiences whilst communicating orally in a range of genres. <a href="#">TF3, C3</a>	explore how culture and identity can influence how people communicate with others, verbally and non-verbally. listen and speak with increasing confidence, independence and skill in order to work collaboratively with others and to share feedback, ideas, decisions and outcomes in a range of contexts with familiar and unfamiliar audiences. <a href="#">TF3, C4</a>
Understanding	4. Sentence structure and grammar	use language with confidence to work collaboratively with others and share outcomes with familiar and unfamiliar audiences. <a href="#">TF3, C1+2</a> use coherent sentences of increasing complexity with correct tense, word order and sentence structure, while using connectives and producing compound and complex sentences to elaborate appropriately. <a href="#">TF4, C1+2</a>	vary sentence length and structure, moving fluidly between a range of sentence types; simple, compound and complex, as appropriate to audience, purpose and language being spoken. use grammar conventions appropriately and identify differences in sentence structure and grammar across languages and dialects. <a href="#">TF, C3+4</a>	vary sentence length and structure, moving fluidly between a range of sentence types; simple, compound and complex, as appropriate to audience, purpose and language being spoken. use grammar conventions appropriately and identify differences in sentence structure and grammar across languages and dialects. <a href="#">TF, C3+4</a>	

## Learning Outcomes for Oral Language (L2)

Understanding		Exploring and using	
5. Vocabulary	use different strategies such as a speaker's gestures, tone of voice, known words, pictures, sentence structure, definitions and descriptions to acquire and show understanding of new words, to include other languages where appropriate. <a href="#">TF5, C1+2</a> use sophisticated oral vocabulary and phrases, including the language of text, topic and subject-specific language, and express and use decontextualized language. <a href="#">TF5, C1+2</a>	select and apply a variety of strategies to acquire a wide range of words and phrases from different sources such as literature, subject-specific texts and other languages. <a href="#">TF5, C3</a>	critically select and use a wide-ranging complex oral vocabulary phrases and figurative language for familiar, abstract and subject-specific concepts and topics, as appropriate to audience and purpose. <a href="#">TF5, C4</a>
6. Demonstration of understanding	Demonstrate understanding through the ability to give and follow instructions, comprehend texts and clearly state a case. <a href="#">TF6, C1+2</a>	demonstrate understanding by listening actively to, understanding, analysing and responding appropriately to conversations and texts in a range of genres and across other languages where appropriate. <a href="#">TF6, C3</a>	demonstrate understanding by listening actively to, analysing, comparing and evaluating conversations and texts in a range of genres and across other languages where appropriate. <a href="#">TF6, C4</a>
7. Requests, questions and interactions	express personal needs, opinions and preferences, and make requests with confidence. <a href="#">TF7, C1+2</a> ask and answer a variety of open and closed questions to seek help, get information, develop understanding, clarify and extend thinking. <a href="#">TF7, C2</a>	respond creatively and critically to what they have heard and experienced <a href="#">TF6, C3+4</a> express personal needs, opinions and preferences, explaining and justifying their perspective. <a href="#">TF7, C3+4</a>	select how and when appropriate to ask and answer a wide range of question types; open, closed, leading and rhetorical, for an increasing range of complex purposes. <a href="#">TF7, C4</a>
8. Categorisation	name, describe and categorise people, objects, experiences and concepts of increasing complexity, demonstrating growing depth of knowledge and improved understanding. <a href="#">TF8, C1+2</a>	explain and justify categorisation, across the curriculum, as appropriate, and demonstrate understanding that categories are fluid and can vary. <a href="#">TF8, C3+4</a>	
9. Retelling and creative elaboration	tell and retell imaginative stories and narratives of increasing complexity to familiar and unfamiliar audiences using appropriate sequencing, tense and oral vocabulary. <a href="#">TF9, C1+2</a>	create narratives and retell stories and events, both real and imaginary, for various audiences, using imaginative and figurative language, elaborating where appropriate. <a href="#">TF9, C3+4</a>	
10. Playful and creative use of language	listen and respond to the aesthetic and creative aspects of language and use language playfully and creatively, and across other languages as appropriate. <a href="#">TF10, C1+2</a>	manipulate language creatively through listening and responding to the aesthetic and creative aspects of language, at sound, word, sentence and text level. use language playfully and creatively in their own conversations and texts and across other languages as appropriate. <a href="#">TF10, C3+4</a>	
11. Information giving, explanation and justification	supply, explain and justify points of information to familiar and unfamiliar audiences using topic-specific language. <a href="#">TF11, C1+2</a>	analyse and select information to communicate ideas and opinions for a variety of purposes, such as informing, debating, explaining, justifying and persuading. <a href="#">TF11, C3+4</a>	
12. Description, prediction and reflection	describe, predict and reflect upon actions, events and processes relating to real and imaginary contexts. <a href="#">TF12, C1+2</a>	describe, predict, reflect upon and evaluate actions, events, processes, feelings and experiences relating to a wide range of real and imaginary contexts. <a href="#">TF12, C3+4</a>	

Torthaí Foghlama don Léitheoireacht (T1)					
Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naionán shóisearacha agus naionán shinsearacha Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 2: Rang 1 agus rang 2 Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 3: Rang 3 agus rang 4 Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:	Céim 4: Rang 5 agus rang 6 Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:
Cumarsáid	1. Rannpháirtíocht	aird a thabhairt, páirt a ghlacadh i léitheoireacht agus sult a bhaint as a bheith ag éisteacht léi. Labhairt faoi bhri agus faoi léirmhíniú focal scríofa agus léaráidí le daoine, iad féin a aithint mar léitheoirí.	téacsanna i dteangacha éagsúla a iniúchadh. <a href="#">LO1, S1+2</a>	dul i ngleic le téacsanna atá níos casta agus téacsanna i dteangacha eile a fhiosnú. <a href="#">LO1, S3+4</a>	a spéis agus a shásamh sa litríocht agus sa léitheoireacht i réimse seánraí trasna an churaclaím a fhorbairt.
	2. Inspreagadh agus rogha	téacsanna i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla a roghnú, a léamh agus cumarsáid a dhéanamh ina dtaobh, ar mhaithe le pléisiúr agus le spéis. <a href="#">LO2, S1</a>	téacsanna a roghnú, a léamh agus a phlé i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla ar mhaithe le pléisiúr, cuspoir ar leith agus spéis. <a href="#">LO2, S2</a>	téacsanna i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla trasna an churaclaím a roghnú ar mhaithe le pléisiúr, spéis, agus cuspoir ar leith. Léirmheas criticíúil a dhéanamh ar na téacsanna sin. <a href="#">LO2, S3+4</a>	
Tuiscint	3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte	gnásanna bunúsacha an chló a aithint agus a úsáid. <a href="#">LO3, S1</a>	gnásanna an chló agus struchtúr abairte a úsáid mar chabhair chun brí a bhaint as téacs. <a href="#">LO3, S2</a>	comparáid a dhéanamh idir gnásanna cló i dtéacsanna atá níos casta agus anailís a dhéanamh orthu.	comparáid a dhéanamh ar struchtúr abairte i dtéacsanna, lena n-áirítear abairtí simplí, abairtí comhshuite, agus abairtí casta.
Ag Céim 4, tosóidh na páistí ag foghlaim le cumarsáid a dhéanamh ag leibhéal an-bhunúsach go bunúsach sa T3. Tacófar leis sin le fócas leanúnach ar fheasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir, agus leantar leis sin ó Céim 3 go Céim 4. Mar sin, úsáidfear an leithdháileadh ama molta a leagtar amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile* ag Céim 4 do na Torthaí Foghlama a bhaineann le feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir, agus don T3 araon. Arís, is féidir an leithdháileadh ama molta a úsáid d'eispéiris foghlama scoite agus do ghníomhaíochtaí comhtháite ar fud an churaclaim.

Lena chinntiú go bhfuil dul chun cinn ann agus an T3 á foghlaim ag Céim 4, múinfear an teanga chéanna i rang a cúig agus rang a sé, i gcás inar féidir. Is príomhghné de theagasc éifeachtach teanga í teagmháil leis an sprioctheanga. Dá bhrí sin, ag Céim 4, teagascfar an T3 tríd an T3, a mhéid is féidir. Spreagtar freisin úsáid neamhfhoirmiúil an T3. Tá sé inghlactha go ndéanfar an t-ullmhúchán agus an phleanáil do T3 i dteanga na scoile. Níl sé riachtanach ná níltear ag súil leis go mbeadh T3 na scoile ag teacht leis na teangacha a mhúintear sna hiar-bhunscoileanna a bhféadfadh na páistí freastal orthu.

Déanann páistí dul chun cinn ar bhealaí éagsúla agus ag rátaí éagsúla agus iad ag cumarsáid, ag tuiscint, ag fiosrú, ag úsáid agus ag cothú feasacht ar theanga(cha) trína n-eispéiris foghlama aonair. Mar sin, léireoidh páistí leibhéal éagsúla inniúlachta ar fud na snáitheanna teanga ó bhéal, léitheoireachta agus scríbhneoireachta do NTI ag Céim 3 agus Céim 4. Tugtar 'próifíl eangach' air sin. Tugtar faisnéis sa mheasúnú maidir le dul chun cinn na bpáistí le foghlaim NTI ag Céim 3 agus Céim 4.

Aithnítear i *gCreatchuraclam na Bunscoile* go bhfuil an measúnú ann feadh contanaim atá comhdhéanta de mheasúnú iomasach, idirghníomhaíochtaí pleanáilte agus imeachtaí measúnaithe. Is gá tarraingt ar chuir chuige an chontanaim measúnaithe chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn na bpáistí leis na Torthaí Foghlama do NTI ag Céim 3 agus Céim 4. Trí éagsúlacht deiseanna a thabhairt do pháistí chun a bhfoghlaim NTI a léiriú, cinntítear cur chuige ionchuimsitheach a chuireann ar a chumas do gach páiste a ndul chun cinn aonair a thaispeáint.

Is é an chaoi a n-úsáidfear faisnéis mheasúnaithe a chinnfidh a héifeachtacht fhoriomlán chun tacú le foghlaim páistí in NTI. Is féidir leis an múinteoir agus leis na páistí iad féin an t-eolas sin a úsáid chun:

- bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim agus teagasc NTI, díriú orthu agus iad a fheabhsú
- aiseolas bríoch agus fiúntach a thabhairt ar fhoghlaim a tharla agus an chaoi é a chur chun cinn a thuilleadh le tacú le heolas agus eispéiris na bpáistí ar theanga(cha) agus cultúir
- páistí a chumhachtú agus a spreagadh chun a stór ilteangach a fhorbairt agus a úsáid
- eolas a fhorbairt ar pháistí mar fhoghlaimoirí agus mar bhaill de phobal teanga.

Trí mheasúnú a úsáid ar an gcaoi sin, cothaítear timpeallacht seomra ranga ina dtugtar tús áite don fhoghlaim agus ina gcothaítear dul chun cinn agus cumas gach páiste le NTI.

## An cur chuige cumarsáideach

Moltar an cur chuige cumarsáideach mar chur chuige leis an dara teanga agus le teangacha breise a mhúineadh. Tá an cur chuige seo foghlaimeoir-lárnach; agus leagtar an bhéim go príomha ar na páistí a dhéanamh rannpháirteach i gcumarsáid atá taitneamhach, idirghníomhach agus fiúntach ina gcuirtear a saol laethúil agus spéiseanna san áireamh, laistigh d'eispéiris foghlama teanga agus le linn an lae scoile.

Laistigh de na ceachtanna teanga, leagtar an bhéim ar úsáid a bhaint as an sprioctheanga a luaithe agus a mhinice agus is féidir. Bíonn cumarsáid páiste le páiste, páiste le múinteoir agus múinteoir le páiste i ngach eispéireas foghlama a oiread agus is féidir, cé go bhféadfadh an múinteoir tacú le go leor de na hidirghníomhaíochtaí. Tacaíonn an múinteoir le hinniúlacht chumarsáideach na bpáistí a fhorbairt trí múnú a dhéanamh ar an sprioctheanga agus athúsáid a bhaint aisti i gcaitheamh an lae.

Agus eispéireas foghlama teanga á ullmhú, cruthóidh an múinteoir comhthéacsanna leis na páistí ina mbeidh orthu úsáid a bhaint as an sprioctheanga chun tasc a chur i gcrích. Cé go bhféadfadh teanga nua a bheith i gceist leis sin, beidh na páistí ag baint úsáid agus leas as an teanga atá acu cheana le linn dóibh a bheith páirteach sa tasc. Is féidir go nglacfaidh na páistí páirt i réimse gníomhaíochtaí teanga lena n-áirítear dul siar ar stór focal atá ar eolas acu sa tréimhse luath den eispéireas foghlama teanga, ach leis an eolas go bhfuil sin á dhéanamh acu chun tacú leis an gcumarsáid.

Agus cur chuige cumarsáideach i bhfeidhm, is féidir leis a bheith cabhrach an t-eispéireas foghlama a eagrú ar an mbealach seo a leanas:

- **An tréimhse luathchumarsáide:** In éineacht leis na páistí, déanann an múinteoir iniúchadh ar theanga ábhartha mar ullmhúchán don tréimhse chumarsáide. Cuirtear stór focal, nathanna agus feidhmeanna teanga atá riachtanach don tasc teanga in aithne ag baint úsáid as réimse de scafaill agus de ghníomhaíochtaí, ar nós amhrán, cluichí agus téacsanna dílse. Tá nasc díreach ann

idir an teanga a úsáidtear sa tréimhse seo agus an teanga a úsáidtear sa tréimhse chumarsáide. Is gnéithe riachtanacha den tréimhse seo iad múnú, teagasc follasach, athrá agus cleachtadh ionas go mbeidh na páistí in ann úsáid a bhaint as an teanga i gcomhthéacs cumarsáideach barántúil le linn na tréimhse cumarsáidí.

- **An tréimhse chumarsáide:** Tugann an múinteoir tasc cumarsáideach do na páistí ina n-úsáideann na páistí an stór focal, na nathanna cainte, na feidhmeanna nó struchtúir teanga a bhí ar eolas acu cheana féin mar aon leis na cinn a fiosraíodh le déanaí. Bíonn na tascanna seo dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus d'fhéadfadh súgradh, drámaí, díospóireachtaí, agallaimh, fadhbanna le réiteach, cluichí, agus mar sin de, a bheith i gceist leo. Ba cheart go mbeadh an deis ag na páistí freisin chun úsáid a bhaint as teanga go cruthaitheach le linn dóibh a bheith páirteach sa tasc, trí úsáid a bhaint as a stór teangeolaíoch iomlán sa phróiseas. Agus an teanga in úsáid níos minice acu, éiríonn na foghlaimeoirí níos neamhspleáiche de réir a chéile ó thaobh an teanga nua a úsáid. Is féidir le múinteoirí earráidí a bhreacadh síos agus aiseolas ceartaitheach a chur ar fáil. Ba cheart na hearráidí sin a úsáid ansin chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaimeoir agus faoin teagasc ina dhiaidh sin.
- **An tréimhse iarchumarsáide:** Tar éis do na páistí úsáid a bhaint as an teanga le haghaidh cumarsáid bharántúil, neartaíonn siad a bhfoghlaimeoir agus tugtar na deiseanna dóibh chun féachaint ar theanga an cheachta arís agus anailís a dhéanamh uirthi i réimse gníomhaíochtaí, agus iad ag cleachtadh stór focal úsáideach, gramadaí agus struchtúr. Le linn na tréimhse seo, is féidir leis na páistí úsáid a bhaint as an teanga chéanna le haghaidh tascanna agus gníomhaíochtaí comhchosúla a chuireann ar a gcumas an teanga chéanna nó teanga atá mórán mar a chéile a aistriú chuig comhthéacs/suíomh nua agus a bhfoghlaimeoir a neartú. Ansin, cuireann an múinteoir leis an teanga sin le linn an ullmhúcháin d'eispéiris foghlama as sin amach.

Cé go bhféadfaidh an múinteoir a mheas gur pointe tosaigh oiriúnach í an tréimhse luathchumarsáide nuair a bhíonn an chéad bhlaiseadh d'ábhar nua á mhúineadh, féadfaidh an teagasc teanga bogadh go solúbtha ó thréimhse go tréimhse go ginearálta. Is é an sprioc mhór don mhúinteoir ná tacú leis an bhfoghlaim chun cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga/sna sprioctheangacha chomh luath agus chomh minic agus is féidir.

Tá go leor modhanna teagaisc ann is féidir a úsáid laistigh de chur chuige cumarsáideach, agus moltar éagsúlacht a chur sna gníomhaíochtaí agus sna tascanna a thacaíonn le hinniúlacht chumarsáideacha na bpáistí laistigh dá gcomhthéacs agus a fheileann dá riachtanais.

## Feidhmeanna teanga

Tá na feidhmeanna teanga lárnach d'fhoghlaim teanga. 'Feidhm teanga' a thugtar ar an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc chumarsáide éigin a bhaint amach. Ionas go mbeidh páistí atá ag foghlaim an dara teanga agus na teanga breise in ann feidhmiú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ina dteanga nua, tá sé tábhachtach go mbeadh máistreacht acu ar fheidhmeanna éagsúla na teanga. Cuireann feidhmeanna teanga ar chumas páistí iad féin a chur in aithne do dhaoine eile, ceisteanna a chur, smaointe a chur in iúl, iarratais a dhéanamh agus struchtúr a chur ar na freagraí a thugann siad ar dhaoine eile. Athrófar an cineál teanga a úsáideann páiste ag brath ar ról an pháiste sa chomhrá, ar na daoine a bhfuil an páiste ag caint leo, agus ar chomhthéacs na hidirghníomhaíochta. Mar sin, tá go leor bealaí inar féidir feidhm teanga a chomhlíonadh.

Bíonn páistí ag comhlíonadh feidhmeanna teanga nuair atá an chumarsáid seo ar bun. Is féidir le páistí na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh ní hamháin i bhfíorshuíomhanna ach freisin i suíomhanna samhailteacha, cuir i gcás rólghlacadh agus drámaíocht shochdhrámatúil. Ní féidir feidhmeanna teanga a úsáid i bhfolús. Dá bhrí sin, d'fhonn freastal ar ábhar suime agus ar riachtanais teanga na bpáistí, moltar an teanga a mhúineadh i gcomhthéacs topaicí a bhaineann le saol na bpáistí. Cruthóidh na topaicí comhthéacsanna réalaíocha le haghaidh samplaí a úsáid agus a mhúineadh i gceachtanna teanga. D'fhéadfadh an múinteoir nathanna cainte nó frásaí ar leith atá bunaithe ar riachtanais agus ar chéim na bpáistí a mhúineadh. Ba cheart go mbeadh dul chun cinn follasach ann maidir le castacht na bhfrásaí de réir mar a éiríonn na páistí níos inniúla i dtaobh úsáid na teanga. I dteannta leis an méid sin, ba cheart go dtabharfaí spreagadh do na páistí chun úsáid a bhaint as teanga go cruthaitheach chun na feidhmeanna seo a chomhlíonadh i gcásanna a spreagann úsáid spontáineach teanga agus úsáid bharántúil teanga, trí úsáid a bhaint as a réamheolas ar theangacha chun é sin a dhéanamh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na feidhmeanna teanga in Aguisín B, ina dtugtar tuilleadh mínithe ar shé chatagóir leathana. Tá tacaíocht do mhúinteoirí atá ag obair leis na feidhmeanna teanga le fáil i dTacar Uirlisí Teanga na Bunscoile.

## Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT)

Tagraíonn FCÁT do theagasc réimsí curaclaim/ábhair nó gnéithe d'ábhair trí theanga bhreise. Bíonn aidhmeanna na gceachtanna seo défhócasaithe, is iad sin foghlaim an ábhair agus foghlaim chomhuaineach na sprioctheanga, mar shampla, Ealaín a mhúineadh trí Ghaeilge. Tugann FCÁT deis do pháistí coincheapa, meonta agus scileanna i réimse ar leith den churaclam a fhoghlaim trí Ghaeilge, agus a muintín a fhorbairt trína scileanna nua teanga a úsáid i bhfíor-chomhthéacsanna taobh amuigh den cheacht teanga scoite. Tugtar deiseanna do mhúinteoirí an Ghaeilge a chomhtháthú ar fud an churaclaim ar bhealach gníomhach bríoch agus cuirtear le teagmháil na bpáistí leis an teanga freisin. Rud tábhachtach le cur san áireamh ina thaobh seo ná muintín agus oilteacht an mhúinteora sa teanga. Is féidir le múinteoirí tús a chur lena gcuid pleanála trí ábhar a roghnú ina bhfuil siad compordach cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge, atá oiriúnach don FCÁT agus a thugann deiseanna do pháistí páirt ghníomhach a ghlacadh i ngrúpaí plé. Ba cheart an teanga a mbeidh ar na páistí úsáid a bhaint aisti sa cheacht FCÁT a chur i láthair i gceachtanna teanga, agus ba cheart féachaint siar uirthi agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi i gcaitheamh an lae scoile agus, faoi dheireadh, ba cheart í a úsáid agus a neartú sa cheacht FCÁT ina n-úsáidtear í chun ábhar a fhoghlaim i réimse/ábhar curaclaim eile. Tá ábhar tacaíochta maidir le FCÁT a úsáid don Ghaeilge i ngach céim (agus in T3 na scoile i gCéim 4 má mheasann an múinteoir go bhfuil sé oiriúnach) le fáil i dTacar Uirlisí Teanga na Bunscoile.



## Feasacht teanga agus feasacht idirchultúrtha

Is gnéithe bunúsacha iad feasacht teanga agus feasacht idirchultúrtha de *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Cé go bhfuil an ghné seo soiléir sna Torthaí Foghlama ar fud gach céime den tsonraíocht, leagtar béim níos mó ar an ghné seo d'fhoghlaim teanga sna Torthaí Foghlama sa ghné Feasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir (ó Chéim 3).

Cuimsítear le feasacht teanga réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- iniúchadh a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha
- feasacht ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha
- scileanna agus straitéisí ginearálta a fhorbairt maidir le foghlaim teanga.

Nuair a mhúsclaítear feasacht na bpáistí ar theangacha eile agus a suim iontu, tugann sé spreagadh dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh i dteangacha atá ar a dtail acu mar aon le teangacha nach bhfuil. Forbraíonn gníomhaíochtaí feasachta teanga eolas intuigthe na bpáistí ar a gcéad teanga. Cuirfidh an fheasacht mhéadaithe sin leis an bpróiseas a bhaineann le teangacha breise a fhoghlaim agus déanfaidh sí leas don phróiseas céanna. Nuair a thagann na páistí isteach ar a bhfuil i gceist le foghlaim teanga, is féidir leo na scileanna agus straitéisí foghlama teanga sin a aistriú nuair a bhíonn siad ag foghlaim teangacha breise. Tugtar an deis do na páistí sna gníomhaíochtaí feasachta teanga chun príomhscileanna breathnaitheacha agus anailíseacha a fhorbairt le linn dóibh teanga amháin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le teangacha eile.

Is féidir leis na múinteoirí tosú leis an smaoineamh a bhaineann le teangacha a chur i gcodarsnacht lena chéile a thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as T1 agus T2 na scoile ó aois óg agus leanúint ar aghaidh leis an T3 ag Céim 4. Cuireann tagairt do 'teangacha eile' sa tsonraíocht ar chumas na múinteoirí leas a bhaint as teangacha an bhaile agus as teangacha an phobail chun deiseanna spreagúla a chur ar fáil do na páistí chun iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh orthu agus chun iad a chur i gcomparáid lena chéile.

Tá go leor féidearthachtaí ann maidir le comparáid a dhéanamh idir teangacha, mar shampla, ord na bhfocal in abairtí, stór focal, fónaic agus gramadach, gan ach cúpla sampla a lua. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na múinteoirí aird na bpáistí a tharraingt ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir teangacha d'aon turas agus ar bhealach follasach. Mar sin féin, nuair a mhúsclaítear an fheasacht sin i bpáistí, d'fhéadfadh sé a bheith de chumas iontu na naisc sin a thabhairt faoi deara iad féin. Ar ndóigh, ní féidir a bheith ag súil go mbeidh cur amach ag an múinteoir ar na teangacha ar fad atá i stór teangeolaíoch an pháiste. Mar sin féin, is féidir leo bunús a chur ar fáil do chomparáid den sórt sin trí spreagadh a thabhairt do pháistí chun ceangail a dhéanamh lena dteangacha baile. Sa deireadh, déanfaidh an cur chuige seo leas do na foghlaimeoirí ar fad sa rang, an múinteoir san áireamh, le linn do na páistí a bheith ag foghlaim focail i dteangacha nua agus le linn dóibh a bheith ag foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn teangacha eile.

Mealltar páistí le feasacht faoin gcultúr agus faoin oidhreacht a bhaineann le teangacha eile a chostar orthu (lena n-áirítear an T3 ó Chéim 4) agus tugtar léirthiscint dóibh ar chultúir agus ar nósanna atá difriúil lena gcultúr féin. Nuair is féidir le páistí dul i ngleic go gníomhach méid áirithe leis an gcultúr a bhaineann le teanga, treisítear an méid spéise a bhíonn acu sa teanga. Tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna ag na páistí chun cur lena bhfeasacht ar chultúr na hÉireann. I gcás páistí nach ionann an teanga atá acu agus an teanga atá ag formhór na bpáistí sa rang, nó páistí ar cainteoirí dúchais de chuid na sprioctheanga iad, tá sé tábhachtach go ndearbhaíonn an múinteoir a gcuid scileanna teanga. Tá sé tábhachtach deiseanna a thabhairt dóibh chun cultúr agus nósanna na tíre nó na hoidhreacht lena mbaineann a dteanga a roinnt. Dearbhaítear teanga an bhaile de chuid na bpáistí seo dá bharr sin, agus feiceann siad go bhfuil a dteanga(cha) chomh tábhachtach céanna.

## Scileanna, straitéisí agus eolas a aistriú idir teangacha

Is de nádúr teangacha iad a bheith gaolmhar le chéile. Tá buntuisceant choincheapúil nó bunachar eolais ann atá mar a chéile i gcás gach teanga. Fágann sé sin gur féidir coincheapa, scileanna litearthachta agus straitéisí foghlama a aistriú ó theanga amháin go teanga eile. Bíonn teanga amháin ar a laghad ag formhór mór na bpáistí nuair a thosaíonn siad ar scoil. Téann an cumas seo i dteanga amháin i bhfeidhm ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad teangacha eile ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh roinnt gnéithe den chéad teanga, cuir i gcás fuaimníú agus comhréir, isteach ar an gcaoi a labhróidh an páiste an dara teanga. Is féidir gnéithe eile ar nós cosúlachtaí san aibítir agus i bhfuaimneanna na litreacha a aistriú ó theanga amháin go dtí an ceann eile agus, ar an gcaoi sin, cabhraíonn siad leis an bpáiste an dara teanga a fhoghlaim.

Cé gur gá spás ar leith a choinneáil do T1, T2 agus T3 na scoile, tá sé tábhachtach chomh maith an t-aistriú ó theanga go teanga a mhúineadh. Cuimsítear le cuid de na coincheapa agus scileanna is féidir a aistriú ó theanga go teanga eolas faoi ghnásanna cló, scileanna agus straitéisí chun téacsanna a thuiscint agus scileanna agus straitéisí a bhaineann le próiseas na scríbhneoireachta. Le linn na gcéimeanna tosaigh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na múinteoirí aird na bpáistí a tharraingt ar na ceangail ar fud na dteangacha atá á bhfoghlaim acu. Nuair a mhúsclaítear na naisc seo, agus leis an taithí cheart, is féidir le páistí tosú leis an méid sin a dhéanamh dóibh féin. Cabhraíonn an próiseas seo le páistí chun an dara teanga agus teanga ina dhiaidh sin a fhoghlaim ar bhealach níos éifeachtúla agus tugann sé tuiscint níos fearr dóibh ar struchtúr na chéad teanga. Dá bharr sin, is féidir tacú

leis an bpróiseas a bhaineann leis an dara teanga agus teangacha breise a fhoghlaim má chaitheann múinteoirí roinnt ama teagaisc ar an aistriú ó theanga go teanga seachas breathnú ar gach teanga aisti féin, nó mar “ábhair” aonair. Ach díriú ar aistriú, beidh páistí in ann ceangail a dhéanamh idir teangacha agus feacht a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha.

I gcás páistí a bhfuil teangacha an bhaile acu seachas an Ghaeilge agus an Béarla, tá sé ríthábhachtach go dtacaítear le húsáid a dteanga(cha) baile ar scoil. Ba cheart na tuismitheoirí a spreagadh freisin chun deiseanna a thairiscint do pháistí chun teanga(cha) an bhaile a chlosteáil agus a úsáid. Is é is aidhm aige seo a chinntiú go bhfuil bunús láidir ann a dtógfar an fhoghlaim teanga breise air. I dteannta leis an méid sin, is féidir go leor scileanna, lena n-áirítear príomhscileanna litearthachta atá ag páistí ina dteanga bhaile/ina dteangacha baile a aistriú go teangacha na scoile agus a mhalairt. Ba cheart do mhúinteoirí spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí leanúint leo teanga an bhaile a úsáid, agus léitheoireacht a dhéanamh sa teanga sin, chun tacú leis an aistriú agus chun luach bunúsach a dteanga/dteangacha baile a neartú.

## Éagsúlacht teangacha agus éagsúlacht chultúrtha

Is saintréith dár mbunscoileanna agus scoileanna speisialta í an éagsúlacht teangacha agus éagsúlacht chultúrtha. Tá teanga agus féiniúlacht chultúrtha fite fuaite ina chéile agus tarraingíodh aird roimhe seo ar an tábhacht atá le teangacha baile na bpáistí a dhearbhu ar scoil i scoileanna na hÉireann (CNCM, 2005). I gcaitheamh na gceithre chéim, cuirtear deis ar fáil do mhúinteoirí chun tuilleadh foghlama a chothú mar aon le feasacht teanga do gach páiste, trí aitheantas a thabhairt do réimse teangacha an tseomra ranga, agus deiseanna a chur ar fáil chun eolas maidir leo a roinnt. Ar an gcaoi chéanna, tríd an eolas agus trí na léargais a thugann páistí ar na cultúir agus na hoidhreachtaí a bhaineann leis na teangacha baile sin, faigheann a bpiaraí léirthuisicint ar chultúir agus ar ghnásanna atá difriúil leis na cinn atá acu féin.

Léiríonn *Curaclam Teanga na Bunscoile* an éagsúlacht teangacha atá le feiceáil i scoileanna trí theangacha a aithint, an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile san áireamh, agus trí NTI a thabhairt isteach i gCéimeanna 3 agus 4. Tagann gach páiste ar scoil lena stór teangeolaíoch féin agus cruthaítear deiseanna trí leas a bhaint as eolas na bpáistí uile ar theanga. Cuireann an tagairt do 'theangacha eile' ag na céimeanna ar fad sa tsonraíocht ar chumas múinteoirí tarraingt ar chumas teanga gach páiste agus tacú leis agus deiseanna spreagúla a thabhairt do pháistí chun teangacha a chíoradh agus a scrúdú agus iad a chur i gcomparáid lena chéile. Mar shampla, is féidir páistí a spreagadh le téacsanna a léamh agus a scríobh ina dteangacha baile agus leis na téacsanna sin a roinnt le piaraí. Cuirtear feasacht teanga chun cinn sa seomra ranga ach páistí a spreagadh lena dteangacha baile a úsáid agus leis an eolas atá acu ar theangacha a roinnt. Forbraíonn páistí feasacht ar theangacha agus tugtar léargas dóibh ar na naisc idir teanga agus cultúr ach na cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha a phlé.

Leagtar tuilleadh béime ar an bhfoghlaim seo trí NTI a thabhairt isteach ag Céimeanna 3 agus 4. Cé go bhfuil an chuid is mó de na scoileanna éagsúil ó thaobh teangacha de agus ó thaobh cultúir de, tá níos lú éagsúlachta le fáil i roinnt pobail scoile. I gcásanna dá leithéid, is féidir leis na múinteoirí leas a bhaint as na teangacha a úsáidtear sa phobal níos leithne agus as na cultúir a bhaineann leis na teangacha seo. Ba cheart réamhthathí na bpáistí ar theangacha agus ar chultúir a iniúchadh freisin agus ba cheart leas a bhaint aisti, lena n-áirítear a n-eispéiris ar rannpháirtíocht phobail, comhfhreagrais carad pinn, srl. Agus an T3 á cur leis an tsonraíocht ag Céim 4, forbróidh páistí a bhfeasacht ar éagsúlacht teangacha agus éagsúlacht chultúrtha a thuilleadh. Cuirfidh sé seo ar chumas gach páiste stór ilteangach a fhorbairt beag beann ar a dteanga bhaile.

## Cuir chuige spráúla

Is féidir cur chuige spráúil a roinnt ina thrí chatagóir de ghnáth: súgradh a stiúran an páiste/na páistí go hiomlán; gníomhaíochtaí spráúla a phleanálann an múinteoir agus a mbíonn an múinteoir i gceannas orthu; agus an múinteoir agus na páistí a bheith ag stiúradh an tsúgartha le chéile. Is deiseanna iad seo ar fad do pháistí gach gné dá litearthacht atá ag forbairt a bhrath agus a úsáid ar bhealach comhtháite. Tá na buntáistí a bhaineann le súgradh ó thaobh theanga ó bhéal na bpáistí de an-soiléir don té a bheadh ag breathnú, ach cuireann súgradh agus gníomhaíocht spráúil deiseanna saibhre ar fáil le haghaidh na gcleachtas litearthachta eile freisin – léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Nuair a bheidh siad ag súgradh, go háirithe má bhíonn siad i gceannas ar a súgradh féin, rachaidh na páistí i mbun léitheoireachta agus scríbhneoireachta mar chuid den súgradh má chuirtear an deis ar fáil. Is féidir leis an múinteoir na rudaí a theastaíonn ó na páistí le haghaidh a gcuid súgartha a phlé leo roimh ré. Cuireann sé sin le feasacht na bpáistí ar na slite ina n-úsáidtear léitheoireacht agus scríbhneoireacht sa saol laethúil. Nuair a bhíonn páistí níos óige ag lígean orthu féin gur dochtúirí iad, mar shampla, caithfidh siad oidis a scríobh, caithfidh ábhar léitheoireachta a bheith sa seomra feithimh, teastaíonn leabhar coinní ón bhfáilteoir agus mar sin de. D'fhéadfadh páistí níos sine scrípteanna a chruthú le haghaidh drámaí a eascraíonn as rólghlacadh nó téacs a scríobh le gabháil le grianghraif de rudaí a thóg siad le bloic. Múinteoirí atá in ann páirt a ghlacadh i súgradh na bpáistí, bíonn deis acu litearthacht an ghnáthshaoil a léiriú ach, mar shampla, liostaí siopadóireachta agus oidis a scríobh agus nótaí a ghlacadh ó chaint na bpáistí le linn rólghlacadh lena n-úsáid chun scrípteanna a fhorbairt. Is sa súgradh a chleachtann páistí léitheoireacht agus scríbhneoireacht an ghnáthshaoil agus is sa súgradh is féidir leo meon dearfach a chothú i leith na litearthachta.

Cuireann súgradh go mór le litearthacht sa mhéid is go gcuireann sé deiseanna ar fáil chun teanga ó bhéal na bpáistí a fhorbairt, rud atá tábhachtach ó thaobh litearthacht na bpáistí trí chéile a fhorbairt. Mar shampla, má bhíonn fáil ag na páistí ar ghutháin, spreagtar comhráite bréige faoi rudaí a shamhlaíonn siad féin. Ní hamháin go gcuireann sé seo forbairt na teanga ó bhéal chun cinn ach cuireann sé smaointeoireacht theibí chun cinn freisin agus, mar is eol dúinn, is minic gur aon phróiseas amháin iad an chaint agus an smaointeoireacht i gcás páistí óga. Léiríonn sé sin agus tá sé sin ag teacht leis na cineálacha cur chuige a dtacaíonn *Aistear* leo.

D'fhéadfadh féidearthachtaí a bheith ag baint le cuir chuige spráúla chun an dara teanga agus teangacha breise a fhoghlaim. Nuair a bhaineann páistí úsáid as an sprioctheanga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spráúla, úsáideann siad an teanga sin go spontáineach le haghaidh cuspóir barántúil cumarsáideach. Bíonn siad ag idirghníomhú le daoine eile i gcásanna fíorshaoil atá tarraingteach agus taitneamhach, le linn dóibh ag bheith ag foghlaim faoin gcaoi leis an teanga a úsáid.

## Litearthacht trasna an churaclaim agus litearthacht disciplín

Tá dlúthbhaint ag foghlaim, teanga agus litearthacht lena chéile. Na huirlisí a chuireann teanga ar fáil, tacaíonn siad leis an bhfoghlaim an lá scoile ar fad agus ina dhiaidh. Ach féachaint ar an gcuraclam ar fad, feicimid go dtéann coincheapa, meonta agus scileanna tábhachtacha i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid in ábhair éagsúla. Mar shampla, ní hionann an stór focal agus na struchtúir teanga a theastaíonn chun biashlabhra a mhíniú san Eolaíocht agus iad siúd a theastaíonn chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe a bhaineann le píosa ceoil. Is féidir codarsnacht a dhéanamh idir na téacsanna a bhaineann leis na healaíona agus na struchtúir téacs chlóbhunaithe a bhíonn le fáil in úrscéal. Ní hionann na scileanna a theastaíonn chun foinse phríomha a thuiscint sa Stair agus na scileanna a theastaíonn le go mbeadh tuiscint agat do dhán.

Déanann disciplíní difriúla cumarsáid ar bhealaí difriúla. Litearthacht disciplín, nó inniúlacht disciplín, a thugtar ar theanga agus litearthacht a theagasc ar fud an churaclaim ar bhealach a thacaíonn le smaointeoireacht agus le foghlaim in ábhair éagsúla. Cuireann an fhoghlaim i réimsí eile den churaclam deis den scoth ar fáil chun scileanna teanga agus litearthachta a chur i bhfeidhm le lánbhrí agus go criticiúil. Má bhíonn páistí i mbun fiosrúcháin in ábhar eile, cuireann sé sin fíor-chomhthéacs ar fáil chun an teanga ó bhéal, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht a fhorbairt. Ach pleanáil le haghaidh teanga, agus í a theagasc ar an gcaoi seo, tacaítear le forbairt teangeolaíochta agus le tuiscint ar dhisciplín. Cothaíonn *Curaclam Teanga na Bunscoile* comhtháthú idir foghlaim teanga agus foghlaim atá bunaithe ar ábhar an lá scoile, an tseachtain scoile agus an bhliain scoile ar fad.

## Litearthacht chriticiúil

Le go mbeidh plé gníomhach lánbhrí againn leis an litearthacht, ní leor coincheapa traidisiúnta ar a bhfuil i gceist leis an méid a léimid a thuiscint. Castar réimse téacsanna ar pháistí gach lá, téacsanna i bhfoirmeacha éagsúla agus i modhanna éagsúla. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad go mbeadh páistí ar an eolas faoin gclaonadh a théann i bhfeidhm ar na tuairimí a chuirtear i láthair sna téacsanna sin. Ó tharla gur chruthaigh údar amháin ar a laghad gach téacs, bíonn gach téacs múnlaithé agus tógtha ag tosca sóisialta. Ní hamháin go dtuigeann léitheoirí criticiúla a bhfuil á léamh acu, ceistíonn siad é freisin. Cé dó a seasann an téacs? Cé dó nach seasann an téacs? Cé na smaointe a dtugtar tús áite dóibh? Cé na smaointe a dtugtar neamhaird orthu? Ach dearcadh amhrasach a bheith acu, cabhraítear le páistí easpa cothromaíochta a shainithint sna téacsanna a mhúnláíonn a saol agus, go deimhin, an tsochaí trí chéile.

Is éard atá i gceist le litearthacht chriticiúil ná na tuairimí a chuirtear i láthair i dtéacsanna a shainithint, anailís a dhéanamh orthu agus a ndúshlán a thabhairt. Rud eile atá i gceist léi ná an tionchar atá ag na tuairimí sin ar ár saol laethúil a cheistiú. Ó thaobh an teagaisc de, tacaítear leis an litearthacht chriticiúil ach a lán téacsanna éagsúla a léamh agus éisteacht leo, téacsanna ina gcuirtear a lán tuairimí éagsúla i láthair. Éascaíonn múinteoirí an litearthacht chriticiúil ach a machnamh a dhéanamh go cúramach ar na téacsanna a léann páistí sa seomra ranga agus cabhrú le páistí anailís a dhéanamh ar dhá cheist: (i) cé dó a seasann an téacs? agus (ii) céard dó a seasann an téacs? Is féidir tacú le páistí freisin chun téacsanna a chruthú a bhreithníonn tuairimí malartacha, a thugann dúshlán thuairimí an tromlaigh, nó a chíorann guthanna arb annamh a léirítear iad. Ach a scileanna teanga agus litearthachta a chur i bhfeidhm ar an gcaoi sin, cuireann páistí go gníomhach, go machnamhach agus go criticiúil leis an domhan ina maireann siad.





## Litearthacht dhigiteach

Ó tharla go bhfuil teicneolaíochtaí nua ag teacht chun cinn an t-am ar fad agus go bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha ag dul i bhfeidhm níos mó agus níos mó ar an tsochaí agus ar an gcultúr, is gné thábhachtach d'fhoghlaim agus do chumarsáid na bpáistí í an litearthacht dhigiteach. Tacaíonn an curaclam le cumas na bpáistí dul i ngleic leis an teicneolaíocht chun eolas a fháil, a thuiscint agus a chur in iúl do lucht féachana éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Le go bhforbrófar an litearthacht dhigiteach, tá sé bunriachtanach go mbeidh an páiste in ann faisnéis ábhartha ina lán modhanna éagsúla, lena n-áirítear téacs, ábhar físe agus ábhar fuaimne, a aimsiú agus a roghnú agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi. Cuimsíonn sé freisin a bheith in ann leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach ar bhealaí cruthaitheacha agus samhlaíocha.

Aithníonn an tsonraíocht gur féidir teicneolaíocht a úsáid mar uirlis d'fhorbairt agus foghlaim litearthachta agus teangacha. Tagraíonn an sainmhíniú a thugtar ar 'théacs' sa tsonraíocht do gach toradh ar úsáid teanga, leictreonach agus digiteach ina measc. Ach úsáid chuí a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha sa seomra ranga, is fearr a bheidh páistí in ann eolas, scileanna agus tuiscint a thaispeáint, de réir na dTorthaí Foghlama le haghaidh gach ceann de na trí shnáithe sa tsonraíocht don T1, T2 agus NTI (ag Céimeanna 3 agus 4). I gcomhthéacs foghlama teanga, cuireann an teicneolaíocht deis ar fáil chun an teanga a chur ina beatha, chun féachaint ar úsáid bharántúil á baint as an teanga atá á foghlaim, agus as léargais chultúrtha. Ach é a chur ar chumas páistí plé le teicneolaíochtaí digiteacha ó thús na bunscoile agus na scoile speisialta, is féidir le múinteoirí cabhrú le páistí dearcadh dearfach i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chothú agus úsáid a bhaint as an teicneolaíocht go freagrach agus go cuí. De réir mar a bhaineann páistí litearthacht dhigiteach amach, is féidir leo úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha éagsúla chun tuiscint a fhorbairt agus chun faisnéis a aimsiú agus a bhainistiú agus léirmheas a dhéanamh uirthi mar smaointeoirí agus foghlaimeoirí gníomhacha.



## 7. Breac-chuntas ar Thacar Uirlisí Teanga na Bunscoile

Cabhraíonn Tacar Uirlisí Teanga na Bunscoile le múinteoirí agus iad ag úsáid na dTorthaí Foghlama mar go dtugann siad tacaíocht phraiticiúil dóibh chun eispéiris foghlama teanga shaibhre a phleanáil agus a chur ar fáil do pháistí. Déantar cur síos sa chuid seo ar na trí chuid den tacar uirlisí – samplaí d'fhoghlaim na bpáistí, contanaim dul chun cinn agus ábhair thacaíochta do mhúinteoirí.

Tá an tacar uirlisí le fáil ag [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie).



## Samplaí d'fhoghlaim na bpáistí

Tá réimse samplaí d'fhoghlaim na bpáistí le fáil i dTacar Uirlisí Teanga na Bunscoile. Tá nótaí curtha ag múinteoirí leis na samplaí seo agus tugann siad léargas ar an gcaoi a n-oibríonn múinteoirí le Torthaí Foghlama chun cinneadh a dhéanamh maidir lena múineann siad, maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí, eispéireas agus oideolaíochtaí a úsáideann siad, agus maidir leis an bhfaisnéis a bhailíonn siad ar cé chomh maith is atá ag éirí le páistí ina bhfoghlaim teanga. Léiríonn siad an chaoi ar féidir le himeachtaí foghlama aonair eolas mórluachmhar maidir le foghlaim teanga páistí a chur ar fáil do mhúinteoirí agus tacú leo agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim á bpleanáil acu.

Is múinteoirí a rinne na samplaí a fhorbairt i gcomhthéacsanna scoile éagsúla agus cuirtear iad i láthair i bhformáidí clóite, fuaime agus amhairc sa tacar uirlisí ar líne. Cuirfear le líon na samplaí le himeacht ama chun stór saibhir a sholáthar do mhúinteoirí a thaispeánann foghlaim agus forbairt teanga páistí thar na trí shnáithe i ranganna bunscoile.

## Contanaim dul chun cinn don Ghaeilge agus don Bhéarla

Déanann na Torthaí Foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbítear ag súil leo ó pháistí tar éis tréimhse ama. Chun cabhrú le múinteoirí úsáid a bhaint as na Torthaí Foghlama chun gníomhaíochtaí agus eispéiris a thacaíonn le foghlaim teanga na bpáistí i gcaitheamh na tréimhse sin a phleanáil agus a chur ar fáil, tugann na contanaim dul chun cinn níos mó sonraí faoi ghnéithe de na Torthaí Foghlama.

Tá trí chontanaim dul chun cinn ann, ceann amháin le haghaidh gach ceann de na trí shnáithe, agus tá dhá leagan de gach contanam ann – leagan Gaeilge agus leagan Béarla. Le chéile, déanann na contanaim cur síos ar thuras foghlama teanga ó thús deireadh na bunscoile. Is féidir le páistí a bheith in áiteanna difriúla ar na contanaim le haghaidh Torthaí Foghlama difriúla agus i snáitheanna difriúla. Léiríonn sé sin cé chomh casta agus atá foghlaim teanga. Ina theannta sin, is féidir le páistí bogadh chun cinn agus siar ar na contanaim. Cuireann na contanaim tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí le pictiúir shaibhre a chruthú d'fhoghlaim teanga páistí agus na pictiúir sin a úsáid chun tacú le dul chun cinn na bpáistí i dtreo na dTorthaí Foghlama sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Ní bhítear ag súil leis go mbeadh múinteoirí ranga ag úsáid mórchéimeanna dul chun cinn chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag páistí aonair. Ina áit sin, cuireann siad eolas ar fáil chun tacú le pleanáil chomh maith le measúnú iomlánaíoch ar fhoghlaim páistí. Ar an gcaoi sin, is acmhainn phraiticiúil le haghaidh idirdhealú iad agus múinteoirí ag obair le páistí a bhfuil réimse leathan cumais acu sna trí chomhthéacs teanga.

## Ábhair thacaíochta do mhúinteoirí

Tá an caidreamh idir an múinteoir agus an páiste i gcoílár obair na scoile chun tacú le foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí. Cuimsíonn Tacar Uirlisí Teanga na Bunscoile réimse d'ábhar tacaíochta a bheidh múinteoirí in ann a úsáid le *Curaclam Teanga na Bunscoile* sa Ghaeilge (T1), sa Bhéarla (T2) agus NTI (ag Céim 3 agus 4). Tá na hábhair thacaíochta foilsithe ag [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) mar PDFanna inchlóite chun bonn eolais a chur faoi theagasc na teanga ó bhéal, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Díritear i roinnt den ábhar seo ar choincheapa teanga agus ar scileanna a bhaineann go sonrach leis an nGaeilge nó leis an mBéarla agus NTI fad is go ndírítear i gcuid eile ar choincheapa agus ar scileanna atá mar bhonn faoi foghlaim agus teagasc teanga. Tugann an t-ábhar tacaíochta samplaí de chleachtas atá bunaithe ar thaighde. Spreagtar múinteoirí lena machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís na cleachtais a léirítear a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint ar bhealach a oirfidh dá rang agus dá gcomhthéacs scoile féin.

Leanfar de bheith ag cur leis an tacar uirlisí le himeacht aimsire de réir mar a shainaithnítear riachtanais agus cleachtais agus acmhainní nua d'fhoghlaim, teagasc agus measúnú teanga.



## 8. Gluais

<b>Abairtí casta</b> <i>Complex sentences</i>	Bíonn príomhchlásal agus fochlásal amháin nó níos mó in abairt chasta. Bíonn íochtarán (tugtar fo-chónasc air freisin) in abairt chasta i gcónaí ar nós <i>mar, toisc go, de bhrí go, tar éis, cé go nó nuair</i> nó forainm coibhneasta ar nós <i>a, m.sh., Tá na daltaí ag staidéar <b>toisc go</b> mbeidh scrúdú acu amárach.</i>
<b>Abairtí comhshuite</b> <i>Compound sentences</i>	Bíonn dhá chlásal neamhspleácha in abairt chomhshuite, agus iad nasctha ag comhordaitheoir (tugtar cónasc comhordaitheach air freisin). Is iad seo na comhordaitheoirí: <i>óir, agus, ná, ach, nó, mar sin</i> . Ach amháin i gcás abairtí atá an-ghearr, cuirtear camóg roimh an gcomhordaitheoir i gcónaí nuair atá sé in úsáid chun dhá chlásal neamhspleácha a nascadh le chéile, m.sh., <i>Bhí Peadar ag imirt peile, mar sin chuaigh Máire ag siopadóireacht.</i>
<b>Aeistéitiúil</b> <i>Aesthetic</i>	Is éard atá i gceist le gné aeistéitiúil teanga ná teanga a ionramháil go samhlaíoch, go cruthaitheach agus go healaíonta.
<b>Brabhsáil</b> <i>Browse</i>	Is éard atá i gceist le brabhsáil sa chomhthéacs seo ábhar léitheoireachta ó réimse foinsí clóite agus ar líne a chur faoi chaibidil d'fhonn ábhar léitheoireachta atá oiriúnach dá gcuspóir léitheoireachta a roghnú.
<b>Braistint ghutha</b> <i>Sense of voice</i>	Tagraíonn braistint ghutha d'fhorbairt ar ghuth agus ar fhéinléiriú an pháiste féin (cumas gníomhúcháin).
<b>Buninniúlacht choiteann teanga</b> <i>Common underlying language proficiency</i>	De réir mar atá páiste ag foghlaim teanga amháin, sealbhaíonn siad scileanna meititheangeolaíocha ar féidir leo tarraingt orthu nuair a bhíonn teanga eile á foghlaim.
<b>Carachtair speisialta</b> <i>Special characters</i>	Áirítear ar charachtair speisialta carachtair ar a bhfuil aiceann (m.sh., é, ó, ä, ð, Ñ, à, å, srl.) agus carachtair atá uathúil do theangacha áirithe (m.sh., ß, ç, æ, srl.).
<b>Ceisteanna dúnta</b> <i>Closed questions</i>	Ceisteanna íseal-oird is ea ceisteanna dúnta. Bíonn fócas cúng acu agus tugtar freagraí gearra, fíriciúla orthu, m.sh., <i>cé, cad, cén áit, cén uair</i> . Úsáidtear iad chun eolas sonrath a fháil.
<b>Ceisteanna oscailte</b> <i>Open questions</i>	Ceisteanna ard-oird is ea ceisteanna oscailte a thugann ar an bhfreagróir smaoineamh fúthu agus machnamh a dhéanamh orthu. Ní féidir freagra simplí ar nós 'is ea' nó 'ní hea' a thabhairt ar na ceisteanna seo. Is é a theastaíonn freagra níos forbartha a chuireann eolas agus/nó mothúcháin an fhreagróra san áireamh.
<b>Comhainmneacha</b> <i>Homonyms</i>	Focail a fhoghraítear mar a chéile ach nach ionann a mbrí is ea comhainmneacha, m.sh., <i>cóir</i> agus <i>comhair, suí</i> agus <i>saoi, té</i> agus <i>téigh</i> .
<b>Comhaird</b> <i>Joint attention</i>	Bíonn comhaird i gceist nuair a dhíríonn beirt atá ag déanamh cumarsáide lena chéile ar an rud céanna. Tá níos mó i gceist leis ná breathnú ar an rud, tuigeann an bheirt go bhfuil siad ag díriú ar an rud céanna.
<b>Comhchiallaigh</b> <i>Synonyms</i>	Comhchiallach is ea focal a bhfuil an chiall chéanna aige le focal eile, nó ciall atá cosúil leis, m.sh., <i>áthasach, sona, sásta</i> .
<b>Comhfhreagairtí idir graiféimí agus fóinéimí</b> <i>Grapheme-phoneme correspondences</i>	Is é atá i gceist le comhfhreagairtí idir graiféimí agus fóinéimí ná an gaol atá idir siombailí scríofa agus na foghair a seasann siad dóibh. Le go sealbhóidh páistí an scil seo go hiomlán, tá sé tábhachtach go mbeidh siad in ann: <ul style="list-style-type: none"> <li>• gach litir, idir chás íochtair agus chás uachtair, a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú</li> <li>• a aithint gur féidir le litreacha feidhmiú ina n-aonar nó mar ghrúpa</li> <li>• a aithint gur féidir an fhuaim chéanna a chur in iúl le litreacha difriúla</li> <li>• fuaimeanna atá cosúil lena chéile, a chuirtear in iúl trí theaglaimí difriúla litreacha, a shainaitheint</li> <li>• teaglaimí difriúla litreacha agus na fuaimeanna difriúla a seasann siad dóibh a aithint</li> <li>• gaolta nach bhfuil chomh coitianta sin idir fuaimeanna agus siombailí a aithint.</li> </ul>

<p><b>Comhréir</b> <i>Syntax</i></p>	<p>Tagraíonn comhréir do na rialacha ar faoina réir a gcuirtear focail in ord, a leagtar amach abairtí agus a socraítear an gaol idir focail. Is í an chomhréir a thugann le fios cé na leaganacha d'fhocail agus de fhrásaí atá inghlactha nó atá ceart de réir na gramadaí, agus cé na leaganacha nach bhfuil. Comhréir a thugtar ar na rialacha a chinneann foirm nó struchtúr abairte. Rialacha iad seo a chinneann ord na bhfocal, na bhfrásaí agus na gclásal, eagar na habairte, agus an gaol idir focail, aicmí focal, agus gnéithe eile den abairt.</p>
<p><b>Comhtháthú</b> <i>Integration</i></p>	<p>Tugann comhtháthú disciplíní le chéile ar mhaithe le fadhbanna agus ceisteanna tábhachtacha, agus áit a gcuimsítear réamheolas an fhoghlaiméora i dtuiscint nua.</p> <p><b>Ildisciplíneach:</b> tarraingíonn an cur chuige seo ar thuiscint ar a lán disciplíní ach fós féin fanann sé taobh istigh de theorainneacha disciplín. Sa chur chuige seo sainaithnítear téama lárnach (patrún, mar shampla) agus baintear úsáid as ansin chun na hábhair atá á gcomhtháthú a eagrú agus a chur i gcomhchoibhneas lena chéile.</p> <p><b>Iirdhisciplíneach:</b> Sa chur chuige seo tá na hábhair sách soiléir fós ó thaobh a gcuid difríochtaí agus an méid uathúil a chuireann siad leis an bhfoghlaim ach is é an lárionad eagrúcháin ná na príomhchoincheapa, príomhscileanna agus príomhghníomhartha idirdhisciplíneacha. Leagtar an bhéim ar smaointe móra, cuir i gcás inbhuanaitheacht agus córais, nó ar scileanna idirdhisciplíneacha móra, cuir i gcás cumarsáid agus réiteach fadhbanna. D'fhéadfadh teorainneacha a bheith éiginnte agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé soiléir ar an bpointe cén t-ábhar atá á mhúineadh ag am ar leith.</p> <p><b>Trasdisciplíneach:</b> Níl an cur chuige seo teoranta ag na disciplíní. Is é comhthéacs an fhíorshaoil an lárionad eagrúcháin agus bítear ag súil leis go gciorfaidh na foghlaiméoirí fadhb nó saincheist. Cuirtear luach ar na disciplíní anseo ach tugtar tús áite don trasdisciplíneacht. Baintear úsáid as na disciplíní chun tacú le tuiscint ar an tsaincheist a sainaithníodh agus chun réiteach ar an tsaincheist sin a chruthú. Is féidir le léargas nua teacht chun cinn agus is féidir le heolas nua dul thar na disciplíní atá ann cheana féin. Dá thoradh sin, bíonn forluí idir ábhair sa chaoi is gur féidir faisnéis a chur le chéile arís agus ansin píosaí faisnéise a thabhairt le chéile arís. Spreagann sé foghlaiméoirí chun eolas a ghiniúint a théann i ngleic le fadhbanna na sochaí agus a chuireann le tuiscint ar an domhan mar atá freisin.</p>
<p><b>Cur chuige ilteangach</b> <i>Plurilingual approach</i></p>	<p>Baintear úsáid i gcur chuige ilteangach as eolas agus eispéiris teangacha a thugann páistí leo chuig an seomra ranga. Aithnítear ann go mbíonn a stór teangeolaíoch féin ag gach páiste mar gheall ar a gcuid eispéireas ar fad ó rugadh iad.</p>
<p><b>Deighilt fóinéimí</b> <i>Phoneme segmentation</i></p>	<p>Focal a roinnt ina fhóinéimí aonair chun é a litriú, m.sh., trí fhóinéim atá ag an bhfocal <i>cat</i>: /c/, /a/, /t/ agus trí fhóinéim atá ag an bhfocal <i>grá</i>: /g/, /r/, /á/.</p>
<p><b>Eagraí grafach</b> <i>Graphic organiser</i></p>	<p>Is léiriú físeach ar eolas, ar choincheapa nó ar smaointe é eagraí grafach.</p>
<p><b>Eiseamláirí teanga</b> <i>Language exemplars</i></p>	<p>Tagraíonn eiseamláirí teanga do struchtúir, stór focal agus teanga ábhartha atá riachtanach chun sprioc chumarsáide a bhaint amach mar chuid d'fheidhm teanga.</p>
<p><b>Eolas follasach</b> <i>Explicit knowledge</i></p>	<p>Is é is eolas follasach ann an t-eolas a fhoghlaimítear trí phróiseas comhfhiosach. Is féidir cur síos a dhéanamh air/é a mhíniú.</p> <p>Is é eolas follasach faoi theanga an fhoghlaim chomhfhiosach agus an aird ar rialacha gramadaí agus ar ghnéithe den sprioctheanga.</p>
<p><b>Eolas intuigthe</b> <i>Implicit knowledge</i></p>	<p>Eolas atá ag daoine ó nádúr (trí fhoghlaim neamh-chomhfhiosach), ach nach bhfuil siad in ann a chur in iúl. Faightear eolas teanga intuigthe trí ionchur agus úsáid teanga.</p>
<p><b>Feasacht fhóinéimeach</b> <i>Phonemic awareness</i></p>	<p>Is éard is feasacht fhóinéimeach ann ná léargas go bhfuil sraith fóinéimí i ngach focal labhartha. Is éard is <u>fóinéim</u> ann ná an t-aonad foghair (fuaime) is lú i bhfocal, m.sh., 'bó': /b/ /ó/. Tá an tuiscint seo ríthábhachtach chun an fhónaic a shealbhú.</p>

<b>Feasacht fóineolaíochta</b> <i>Phonological awareness</i>	<p>Tagraíonn feasacht fóineolaíochta don fheasacht a bhíonn ag duine ar an struchtúr fóineolaíochta, nó an struchtúr fuaime, a bhíonn ar fhocail. Áirítear ann feasacht ar fhocail, rím, siollaí, túsfhoghar agus foghar deiridh agus fóinéimí.</p>
<b>Feasacht idirchultúrtha</b> <i>Intercultural awareness</i>	<p>Le fócas ar fheasacht idirchultúrtha, is amhlaidh a fhorbraítear feasacht ar chultúr, luachanna agus creidimh na bpáistí féin agus ar chultúir, luachanna agus creidimh eile. Cothaítear tuiscint, meas agus glacadh le daoine agus cultúir eile trí dhíriú ar eolas sonracha a fhorbairt, mar aon le dearcthaí agus scileanna.</p>
<b>Feasacht mheititheangeolaíoch</b> <i>Metalinguistic awareness</i>	<p>Tagraíonn feasacht mheititheangeolaíoch don chumas le machnamh a dhéanamh ar theanga agus ar an gcaoi a n-úsáidtear í mar phróiseas agus mar dhéantán, agus a thuiscint gur féidir linn teanga a athrú ar bhealaí éagsúla. De réir mar a thagann forbairt ar fheasacht mheititheangeolaíoch páistí, tuigeann siad níos fearr, mar shampla, gur féidir brí liteartha agus brí intuigthe araon bheith le teanga.</p>
<b>Feasacht teanga</b> <i>Language awareness</i>	<p>San fheasacht teanga, feabhsaítear an fheasacht ghinearálta atá ag páistí ar theangacha. Baineann sé le forbairt tuiscint agus fheasacht páistí ar ábhar, struchtúr agus pátrúin teanga agus an chaoi a bhfeidhmíonn teanga. Cuimsítear scileanna breathnóireachta teanga leis freisin ina ndéanann páistí comparáid agus codarsnacht idir teanga atá ar eolas acu cheana agus teangacha nua, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar a straitéisí foghlama teanga féin.</p>
<b>Feidhmeanna sóisialta</b> <i>Social functions</i>	<p>Is éard atá i gceist le feidhmeanna sóisialta na teanga ná na feidhmeanna ina n-úsáidtear an teanga ar mhaithe le hidirghníomhú sóisialta laethúil amhail beannú, buíochas a chur in iúl, comhbhrón agus imní a chur in iúl, a rá go bhfuil brón ort agus fáilte a chur roimh chualiteoirí go muiníneach.</p>
<b>Feidhmeanna teanga</b> <i>Functions of language</i>	<p>Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach.</p>
<b>Focail ardmhnicíochta</b> <i>High-frequency words</i>	<p>Is focail a fheictear go minic i dtéacsanna iad focail ardmhnicíochta, m.sh., <i>agus, an, na, tá, is, siad, le, sa, maith, chun, dúirt, srl.</i></p>
<b>Fócas ar fhoirm</b> <i>Focus on form</i>	<p>Aird na bhfoghlaimeoirí a tharraingt go follasach ar ghnéithe teangeolaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn go teagmhasach i gceachtanna ina bhfuil an príomhfócas ar chumarsáid nó ar chiall.</p>
<b>Foghar (Fuaim)</b> <i>Sound</i>	<p>Baineann an téarma ‘foghar’ nó ‘fuaim’ leis an bhfuaim a dhéanaimid nuair a deirimid litir nó focal, agus ní leis an bhfocal clóite. Is féidir le litreacha difriúla an foghar céanna a léiriú, ar nós an fhoghair /V/ sna focail <i>dhá</i> agus <i>ghoil</i>, nó an foghar /éa/ sna focail <i>aon</i> agus <i>éan</i>. Dhá fhoghar atá san fhocal <i>bhí</i>, /v/, /i:/, ach trí litir atá ann, ‘b’, ‘h’, ‘í’. Ba cheart do mhúinteoirí na focail ‘foghar’ agus ‘litir’ a úsáid go cruinn ionas gur féidir le daltaí idirdhealú idir an dá fhocal.</p>
<b>Fóinéim</b> <i>Phoneme</i>	<p>Is éard is fóinéim ann ná an t-aonad foghair (fuaime) is lú i bhfocal. Tá dhá fhóinéim san fhocal <i>is</i>, /i/ agus /s/. Trí fhóinéim atá san fhocal <i>cat</i>, /c/, /a/ agus /t/.</p>
<b>Foirm</b> <i>Form</i>	<p>Is éard atá i gceist le foirm formáidí foilsithe de sheánra áirithe, m.sh., <i>dán, gearrscéal, dráma, úrscéal, meamram, ríomhphost, scannán</i>, srl.</p>
<b>Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)</b> <i>Common European Framework of Reference for Languages (CEFR)</i>	<p>Creat a aithnítear go hidirnáisiúnta is ea FTCE, nó an Fráma Tagartha Comónta Eorpach, chun cur síos a dhéanamh ar inniúlacht teanga. Arna fhorbairt ag Comhairle na hEorpa, cuireann sé bealach caighdeánaithe ar fáil chun cumais teanga daoine aonair a thomhas agus a chur i gcomparáid ar fud teangacha éagsúla.</p>

<p><b>Fréamhfocail</b> <i>Rootwords</i></p>	<p>Is éard is fréamhfocal ann ná focal gan aon táthmhír ná aon infhilleadh gramadaí, m.sh., <i>bus, déan, brón, tóg, fear</i>. Is féidir a lán focail eile a chruthú ach úsáid a bhaint as fréamhfocail:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• focail infhillte: fréamh + infhilleadh gramadaí, m.sh., <u>bus</u>anna, <u>déan</u>amh, <u>báid</u></li> <li>• focail dhíorthaithe: fréamh + táthmhír, m.sh., <u>brón</u>ach, <u>tóg</u>alaí</li> <li>• comhfocail, m.sh., <u>saor</u>fhear.</li> </ul>
<p><b>Frithchiallaigh</b> <i>Antonyms</i></p>	<p>Is focal é frithchiallach atá contrártha le focal eile, m.sh., <i>maith agus olc</i>.</p>
<p><b>Gnásanna cló</b> <i>Conventions of print</i></p>	<p>Is éard is gnásanna cló ann ná nósanna a nglactar leo go forleathan chun téacs scríofa a chur i láthair agus a eagrú sa chaoi is go mbeidh an téacs intuigthe ag gach léitheoir go seasta agus go héasca. Seo cuid de na gnásanna:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• go mbíonn teachtaireacht san fhocal clóite</li> <li>• go léitear ó chlé go deas</li> <li>• go léitear ó bharr an leathanaigh go dtí a bhun</li> <li>• scuab fillte</li> <li>• spásáil, ceannlitriú, gramadach agus poncaíocht chuí.</li> </ul> <p>I measc na ngnásanna digiteacha áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• scrollú</li> <li>• svaidhpeáil ó chlé go deas</li> <li>• go léitear ó bharr an scáileáin go dtí a bhun.</li> </ul>
<p><b>Homagraf</b> <i>Homograph</i></p>	<p>Is é atá i homagraif focail a bhfuil an litriú céanna acu ach a bhfuil níos mó ná ciall amháin leo, m.sh., <i>fonn, céad, cion, téann</i>.</p>
<p><b>Leibhéal léitheoireachta neamhspleách</b> <i>Independent reading level</i></p>	<p>Is téarma é 'téacs ar leibhéal neamhspleách' le haghaidh téacs a d'fhéadfadh páiste a léamh go líofa agus ciall a bhaint as gan aon chabhair ón múinteoir. Ba cheart go mbeadh páiste in ann 95-100% de na focail a aithint agus 90-100% den téacs a thuiscint.</p>
<p><b>Leibhéal léitheoireachta teagaisc</b> <i>Instructional reading level</i></p>	<p>Is téarma é 'téacs ar leibhéal teagaisc' le haghaidh téacs ag leibhéal cuí dúshláin, ach nach bhfuil thar chumas an pháiste. Tá téacsanna ar leibhéal teagaisc oiriúnach le húsáid i léitheoireacht threoraithe. Le gnáth-theagasc ranga agus le tacaíocht chuí, ba cheart go mbeadh páiste in ann 90-95% de na focail a aithint agus 75-90% den téacs a thuiscint.</p>
<p><b>Leideanna séimeantacha</b> <i>Semantic cues</i></p>	<p>Is éard atá i gceist le leideanna séimeantacha ná noda maidir le brí focal a fhéadtar a bhaint de thátal as noda sa phictiúr nó sa téacs agus/nó as réamheolas.</p>
<p><b>Leideanna comhréire</b> <i>Syntactic cues</i></p>	<p>Is éard atá i gceist le leideanna comhréire ná noda maidir le brí focal is féidir a fháil ach eolas a bheith agat ar ord na bhfocal, ar struchtúr abairtí agus ar an ngaol idir focail.</p>
<p><b>Líofacht léitheoireachta ó bhéal</b> <i>Oral reading fluency</i></p>	<p>Is é atá i gceist le líofacht léitheoireachta ó bhéal ná an cumas a bhíonn ag léitheoirí léamh ó bhéal le luas, cruinneas agus gnéithe oiriúnacha prosóide amhail mothúchán, béim, tuinairde agus cur i bhfocail oiriúnach.</p>
<p><b>Litriú cumtha</b> <i>Invented spelling</i></p>	<p>Is téarma é litriú cumtha nó neaslitriú a úsáidtear nuair a bhaineann páistí leas as a gcumasc féin litreacha chun focail a dhéanamh agus iad ag ceapadh téacsanna.</p>
<p><b>Lucht léitheoireachta, féachana agus éisteachta</b> <i>Audience</i></p>	<p>Is é an lucht léitheoireachta, féachana agus éisteachta an grúpa daoine a bhfuil an scríbhneoir, an dearthóir nó an cainteoir ag díriú orthu.</p>

<p><b>Moirféim</b> <i>Morpheme</i></p>	<p>Is éard is moirféim ann ná an t-aonad céille nó gramadaí is lú i dteanga. Ní gá gur focal í gach moirféim. Moirféim amháin atá san fhocal ‘madra’, ach dhá mhoirféim atá san fhocal ‘madraí’: ‘madra’ don ainmhithe agus ‘í’ le cur in iúl go bhfuil níos mó ná ceann amháin i gceist. Ach eolas ar mhoirféimí a bheith ag daltaí bíonn slí acu le focail a léamh agus a litriú.</p>
<p><b>Moirfeolaíocht</b> <i>Morphology</i></p>	<p>Sa teangeolaíocht, is éard is moirfeolaíocht ann ná an staidéar ar fhocail, ar an gcaoi a ndéantar iad, agus ar an ngaol atá acu le focail eile sa teanga chéanna. Déantar anailís ar an struchtúr atá ar fhocail agus ar chodanna d’fhocail, cuir i gcás tamhain, <i>fréamhfhocail</i>, réimíreanna agus iarmhíreanna. Féachann an mhoirfeolaíocht freisin ar na ranna cainte, ar thuin chainte agus béim ghutha, agus ar na slíte inar féidir le comhthéacs fuaimniú agus brí focail a athrú.</p>
<p><b>Nascfhocail</b> <i>Connectives</i></p>	<p>Déanann nascfhocail ailt agus abairtí a nascadh le chéile chun díriú ar chúrsaí ama, ar chúis agus éifeacht, ar chomparáid nó ar rud a chur leis. Nascann nascfhocail smaointe le chéile agus taispeánann siad loighic an eolais. Is acmhainní tábhachtacha iad nascfhocail chun comhtháthú a chruthú i dtéacsanna.</p> <p>Is féidir na cuspóirí atá le nascfhocail a ghrúpáil mar seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• am – chun am a léiriú nó smaointe a chur in ord (m.sh., <i>an chéad, an dara, an chéad cheann eile</i>)</li> <li>• cúis – chun cúis agus éifeacht a thaispeáint (m.sh., <i>mar, óir, mar sin</i>)</li> <li>• eolas a chur leis – (m.sh., <i>freisin, rud eile de, ina theannta sin</i>)</li> <li>• comparáideach – (m.sh., <i>de rogha air sin, mar mhalairt air sin</i>)</li> <li>• coinníollach/faomhach – chun coinníoll a leagan síos nó rud a ghéilleadh (m.sh., <i>mar sin féin, cé go</i>)</li> <li>• soiléiriú – (m.sh., <i>déanta na fírinne, mar shampla</i>)</li> </ul>
<p><b>Nithe inlámhsithe</b> <i>Concrete objects</i></p>	<p>Tagraíonn nithe inlámhsithe do rudaí is féidir leis na páistí a fheiceáil, a bhrath agus a cheangal leis an timpeallacht atá thart orthu, m.sh., earraí seomra ranga.</p>
<p><b>Pobal teanga</b> <i>Linguistic community</i></p>	<p>Grúpaí daoine is ea pobail teanga a roinneann teanga choiteann/teangacha coiteanna nó sraith cleachtais teanga choiteanna. Is iondúil go n-úsáideann na pobail seo teanga(cha) le haghaidh cumarsáide, ar féidir foirmeacha labhartha, scríofa, nó comharthaíochta a áireamh ann.</p>
<p><b>Prionsabal aibítire</b> <i>Alphabetic principle</i></p>	<p>Aithníonn an prionsabal aibítire go n-úsáidtear litreacha agus teaglaimí (cnuasaigh) litreacha chun fuaimeanna teanga a chur in iúl atá bunaithe ar an ngaol idir litreacha scríofa, siombailí agus focail labhartha.</p>
<p><b>Próifíl eangach</b> <i>Jagged profile</i></p>	<p>Tagraíonn próifíl eangach do na rátaí difriúla ag a bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí a scileanna sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus scríbhneoireacht i ngach ceann dá dteangacha. D’fhéadfaidís seo dul chun cinn ag rátaí éagsúla nó ag an luas céanna laistigh de theanga agus/nó ó theanga go teanga, agus bheadh próifíl teanga “eangach” dá bharr.</p>
<p><b>Próiseas na scríbhneoireachta</b> <i>Writing process</i></p>	<p>Sa phróiseas scríbhneoireachta bíonn an múinteoir ag múineadh go follasach do na páistí cén chaoi le bheith ag obair agus ag foghlaim go gníomhach mar scríbhneoirí. Áirítear ar na céimeanna sa phróiseas scríbhneoireachta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• pleanáil le haghaidh scríbhneoireachta trí thopaicí agus smaointe a roghnú leis an méid is lú cúnaimh</li> <li>• úsáid a bhaint as struchtúr eagraíochtúil cuí téacs chun téacs a chumadh</li> <li>• téacs a scríobhadh a athléamh lena sheiceáil go bhfuil ciall leis agus go gcomhlíonann sé a chuspóir</li> <li>• an téacs a chur in eagar agus a leasú trí athscríobh chun sonraí a chur leis nó a bhaint uaidh d’fhonn an chiall atá leis a shoiléiriú</li> <li>• tuilleadh eagarthóireachta a dhéanamh ar obair scríofa mar fhreagairt ar aiseolas ó dhaoine eile.</li> </ul>
<p><b>Sanasaíocht</b> <i>Etymology</i></p>	<p>Is é is sanasaíocht ann an staidéar ar bhunús focal agus an chaoi a n-athraíonn siad le himeacht ama.</p>

<p><b>Scileanna paraitheangeolaíoch</b> <i>Paralinguistic skills</i></p>	<p>I measc na scileanna paraitheangeolaíoch tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• inchloisteacht</li> <li>• tuin chainte</li> <li>• tuinairde</li> <li>• sos</li> <li>• béim</li> <li>• luas.</li> </ul>
<p><b>Scileanna seachtheangeolaíoch</b> <i>Extra linguistic skills</i></p>	<p>Áirítear i measc na scileanna seachtheangeolaíoch an cumas chun leas a bhaint astu seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• féachaint oiriúnach sa tsúil</li> <li>• comharthaíocht choirp</li> <li>• geáitsí agus gothaí gnúise agus comharthaíocht nuair is cuí.</li> </ul>
<p><b>Seánra</b> <i>Genre</i></p>	<p>Tagraíonn seánra do rogha foirmeacha ó bhéal agus scríofa d'fhonn rudaí a athinsint, míniú a thabhairt, siamsaíocht a chur ar fáil, daoine a chur ar an eolas, orduithe a thabhairt, insint a dhéanamh, rudaí a chur ina luí ar dhaoine agus údar a thabhairt le tuairimí. Cuimsíonn foirmeacha béil, ach níl siad teoranta dóibh, seanchas, drámaíocht, filíocht, óráidí, díospóireachtaí, scannánaíocht agus na meáin dhigiteacha, podchraoltaí, físeáin, fógraíocht, craoltaí teilifíse agus raidió san áireamh. Lena chur ar bhealach níos sonraí, is é atá i seánraí ná cineálacha téacs il-abairte ó bhéal nó scríofa a ndearnadh gnásúil iad le haghaidh cuspóirí ar leith. Bíonn patrún eagraíochtúil áirithe ag baint leo, chomh maith le gnéithe teanga a bhaineann le réim, m.sh., <i>insinte, faisnéise, áititheach agus ilseánra</i>.</p>
<p><b>Séimeantaic</b> <i>Semantics</i></p>	<p>Baineann séimeantaic le brí; cuirtear brí in iúl leis na gaolta idir focail.</p>
<p><b>Slabhra (Cnuasach)</b> <i>Cluster</i></p>	<p>Tagraíonn slabhra nó cnuasach do dhá litir nó níos mó a dhéanann dhá (nó trí) fhuaim, mar shampla tá na chéad trí litir in 'strus' ina slabhra consan.</p>
<p><b>Stóir phearsanta focal</b> <i>Personal word banks</i></p>	<p>Is éard atá i gceist le stóir phearsanta focal ná bailiúcháin de na focail a úsáideann scríbhneoir nó a theastaíonn uathu a bhaineann le rudaí a bhfuil suim acu féin iontu nó a litrítear go mícheart go rialta. Na focail sa stór phearsanta focal, ní bhíonn siad ar taispeáint sa seomra ranga agus ní bhíonn sé éasca teacht orthu.</p>
<p><b>Stór focal a fhorbairt</b> <i>Vocabulary development</i></p>	<p>Tagann forbairt ar stór focal ó bhéal agus ar stór focal léitheoireachta páistí agus iad ag éirí níos casta, ag dul ón rud nithiúil go dtí an rud teibí, i dtaca le cé chomh minic is a úsáidtear focail, cé chomh casta is atá an bhrí, cé chomh domhain is atá an t-eolas ar fhocail, agus na hathruithe a tharlaíonn de thoradh ar phróisis dhéanamh na bhfocal.</p>
<p><b>Stór ilteangach</b> <i>Plurilingual repertoire</i></p>	<p>Tagraíonn an stór ilteangach do na teangacha dífriúla is féidir le duine a úsáid chun tacú lena bhfoghlaim agus lena gcumarsáid. B'fhéidir gur foghlaimíodh na teangacha i gcomhthéacsanna éagsúla (m.sh., <i>sa bhaile, trí theagmháil shóisialta, ar scoil, srl.</i>); d'fhéadfaí iad a úsáid ar chúiseanna éagsúla (m.sh., <i>cumarsáid a dhéanamh le daoine muinteartha, le sóisialú le comharsana, le foghlaim ar scoil, srl.</i>). Is iondúil go mbíonn leibhéal éagsúla inniúlachta ag daoine i dteangacha éagsúla i stór teangeolaíoch/ilteangach.</p>
<p><b>Stór teangeolaíoch</b> <i>Linguistic repertoire</i></p>	<p>An tsraith eolais agus scileanna atá ag duine i dteanga amháin nó níos mó agus a leaganacha. Fásann agus athraíonn an stór teangeolaíoch le himeacht aimsire nuair a fhaightear tuilleadh cleachtaidh agus taithí ar theanga(cha).</p>
<p><b>Straitéisí aitheanta focal</b> <i>Word identification strategies</i></p>	<p>Cuireann straitéisí aitheanta focal ar chumas páistí focail nach bhfuil ar eolas acu a léamh agus dul i dtaithe ar fhocail dá leithéid a léamh gan stró de réir a chéile. Áirítear ar na straitéisí sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• úsáid a bhaint as gnéithe amhairc nó grafacha focail</li> <li>• úsáid a bhaint as <u>comhfhreagairtí idir graiféimí agus fóinéimí</u></li> <li>• úsáid a bhaint as eolas ar sheichimh litreacha, ar phatrúin litrithe agus ar an mbaint idir focail.</li> </ul>

<p><b>Straitéisí litrithe</b> <i>Spelling strategies</i></p>	<p>Is féidir feidhm a bhaint as straitéisí litrithe foghraíochta agus as gnáthstraitéisí litrithe le haghaidh focail éagoiteanna agus téacsanna á gcruthú. Áirítear ar na straitéisí sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• feidhm a bhaint as eolas ar <u>chomhfhreagairtí idir graiféimí agus fóinéimí</u></li> <li>• feidhm a bhaint as siollú</li> <li>• feidhm a bhaint as amharc-chuimhne</li> <li>• feidhm a bhaint as slabhraí agus patrúin litrithe choitianta.</li> </ul>
<p><b>Straitéisí maidir le stór focal</b> <i>Vocabulary strategies</i></p>	<p>Bíonn straitéisí maidir le stór focal ina gcabhair chun an bhrí atá le focail agus le frásaí nach bhfuil ar eolas acu a oibriú amach nó a shoiléiriú, ina measc:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• leideanna comhthéacs a úsáid</li> <li>• eolas ar <u>fhréamhfhocail</u> agus ar tháthmhíreanna a úsáid</li> <li>• eolas ar <u>fhrithchiallaigh</u>, ar <u>chomhchiallaigh</u>, ar chomhainmneacha agus ar homagraif a úsáid</li> <li>• breathnú ar fhoclóirí agus ar fhoinsí tagartha eile mar is cuí.</li> </ul>
<p><b>Straitéisí tuiscena</b> <i>Comprehension strategies</i></p>	<p>Straitéisí agus próisis a úsáideann léitheoirí chun ciall a bhaint as téacs iad straitéisí tuiscena. Ar na príomhstraitéisí tuiscena áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• réamheolas a thabhairt chun cuimhne agus a úsáid</li> <li>• rudaí a thuar</li> <li>• rudaí a shamhlú</li> <li>• ceangail a dhéanamh</li> <li>• ceisteanna a chur</li> <li>• soiléiriú a dhéanamh</li> <li>• tosaíocht a thabhairt do rudaí áirithe thar rudaí eile</li> <li>• tátal a bhaint as rud</li> <li>• míreanna eolais a chur le chéile chun mír eile a dhéanamh.</li> </ul>
<p><b>Struchtúr eagraíochtúil téacs</b> <i>Text organisational structures</i></p>	<p>Struchtúr an téacs a thugtar ar an tslí ina n-eagraítear eolas i gcineálacha éagsúla téacs, mar shampla teidil, caibidlí, fotheidil, clár na n-ábhar, innéacsanna agus gluaiseanna, foramhairc, ailt tosaigh agus ailt deiridh, seicheamhú, abairtí topaice, tacsanomaíochtaí, cúis agus éifeacht. Is iad na roghanna a dhéantar i dtaca le struchtúr téacs agus gnéithe teanga a chinneann cineál an téacs agus an bhrí atá leis.</p>
<p><b>Tacaíochtaí</b> <i>Supports</i></p>	<p>Áirítear le tacaíochtaí leideanna comhthéacs (m.sh., <i>ábhar amhairc, gothaí, leideanna neamhbhriathartha</i>, srl.), foclóir, straitéisí cumarsáide neamhbhriathartha (m.sh., <i>méar a dhíriú, an ceann a chlaonadh, gothaí gnúise a dhéanamh</i>, srl.) agus scafaill (m.sh., <i>moilliú ar an luas, é a rá i mbealach eile, athrá</i>, srl.).</p>
<p><b>Táthmhíreanna</b> <i>Affixes</i></p>	<p>Is <u>moirféimí</u> iad táthmhíreanna a cheanglaítear de fhréamhfhocail chun focal nua a dhéanamh, m.sh., <i>tóg+álaí, mí+shona</i> nó chun foirm ghramadaí eile d'fhocal a dhéanamh, m.sh., <i>múinteoir+í, rith+fidh</i>.</p>
<p><b>Téacs insinte</b> <i>Narrative text</i></p>	<p>Cineál dioscúrsa ó bhéal nó i scríbhinn is ea téacsanna insinte a bhfuil sé mar aidhm acu scéal a insint nó imeacht nó sraith imeachtaí a reic. Is féidir téacsanna insinte a rangú mar fhicsean nó mar neamhfhicsean.</p>
<p><b>Téacs léiritheach</b> <i>Expository text</i></p>	<p>Cineál dioscúrsa ó bhéal nó i scríbhinn is ea téacs léiritheach a bhfuil sé mar aidhm aige rud éigin a mhíniú, eolas a thabhairt faoi rud éigin nó cur síos a dhéanamh ar rud éigin.</p>
<p><b>Téacs/téacsanna</b> <i>Texts</i></p>	<p>Cuimsíonn téacs gach toradh ar úsáid teanga: ó bhéal, gothaí, comharthaí, scríofa, Braille, físiúil, tadhlach, leictreonach, digiteach agus ilmhódach.</p>
<p><b>Téacsanna dílse</b> <i>Authentic texts</i></p>	<p>Déantar téacsanna dílse a chruthú agus a fhoilsiú d'fhíor-lucht spéise/don phobal. D'fhéadfadh amhráin, dánta, rabhlóga, rainn, físeáin ghearra, amchláir, bileoga, bróisiúir, póstaer, biachláir, foirmeacha bunúsacha, srl., a bheith i gceist. Ar an lámh eile, cruthaítear téacsanna oideolaíochta go sonrach le tacú leis an bhfoghlaim teanga.</p>

<p><b>Téamaí</b> <i>Themes</i></p>	<p>I measc na dtéamaí don Ghaeilge tá: mé féin, sa bhaile, an scoil, bia, an teilifís, siopadóireacht, caitheamh aimsire, éadaí, an aimsir agus ócáidí speisialta. Is féidir leis an múinteoir go leor topaicí a roghnú as na téamaí.</p> <p>D'fhéadfaí na topaicí seo a leathnú chun ábhar a bhfuil spéis ag na páistí ann a chur san áireamh freisin.</p>
<p><b>Teanga dhioscúrsa</b> <i>Language of discourse</i></p>	<p>I ndioscúrsa ní mór do pháistí cuid mhaith rudaí a rá chun struchtúir theangeolaíocha ar leith a chruthú, cuir i gcás insintí, cuntais fhíriciúla, argóintí, mínithe nó dhá cheann nó níos mó díobh sin in éineacht. Chuige sin caithfidh páistí dul níos faide ná an abairt bhunúsach agus abairtí a chur le chéile chun cuntas a thabhairt, cuntas a bheidh sothuigthe ó thaobh eagar na céille agus comhtháite ó thaobh an leanúnachais idir abairtí. Chun dul i mbun dioscúrsa, ní mór do pháistí an stór focal sofaisticiúil a bhaineann go sonrach le seánra ar leith agus an t-eolas gramadaí a bheith acu chun abairtí a chumadh le haghaidh an ábhair ar leith atá á phlé.</p>
<p><b>Teanga gan chomhthéacs</b> <i>Decontextualised language</i></p>	<p>Is é an sainmhíniú ar theanga gan chomhthéacs ná teanga atá saor ó chomhthéacs. Níl sí bunaithe in aon chomhthéacs láithreach ama ná cúinse, agus níl sí ag brath ar aon bhreathnú ná ar aon eispéireas fisiceach láithreach. Tá úsáid teanga gan chomhthéacs ríthábhachtach d'fhoghlaim páistí ar leibhéal éagsúla.</p> <p>Baintear úsáid aisti chun faisnéis nua a chruthú agus a chur in iúl do dhaoine eile nach bhfuil an fhaisnéis chúlra chéanna acu leis an gcainteoir. Tá na téarmaí 'teanga gan chomhthéacs' agus 'stíl teanga liteartha' cosúil lena chéile toisc go dtagraíonn siad araon do theanga atá eagraithe, follasach agus scoite amach.</p>
<p><b>Teanga/teangacha an bhaile</b> <i>Home language(s)</i></p>	<p>Is í teanga(cha) an bhaile teanga/teangacha na cumarsáide teaghlaigh agus an teanga/na teangacha a fhaightear sa luath-óige, teangacha comharthaíochta ina measc. Úsáidtear an téarma chun tagairt a dhéanamh do theanga ar bith agus do gach teanga i gcomhthéacs baile agus níl breithiúnas luacha i gceist leis.</p>
<p><b>Teangacha eile</b> <i>Other languages</i></p>	<p>Áirítear an méid seo a leanas le tagairtí do theangacha eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• teangacha baile na bpáistí</li> <li>• teangacha i bpobal na scoile agus sa phobal níos leithne</li> <li>• teangacha a bhfuil taithí ag páistí orthu (m.sh., <i>ó thuras thar lear, ó bheith ag scríobh chuig cara pinn nó ó rang i scoil eTwinning, trí idirghníomhaíochtaí le páistí eile a labhraíonn teanga eile sa bhaile, srl.</i>)</li> </ul>
<p><b>Téarmaíocht na leabhar</b> <i>Book terminology</i></p>	<p>Is é atá i dtéarmaíocht na leabhar an foclóir a bhaineann le leabhair, m.sh., <i>údar, blurba, maisitheoir, clár an ábhair, gluais, caibidil, foilsitheoir, srl.</i></p>
<p><b>Topaicí a bhfuil cur amach ag an bpáiste orthu</b> <i>Familiar topics</i></p>	<p>Topaicí a bhaineann leis an saol laethúil, le heispéireas saoil na bpáistí féin agus topaicí traschuraclaim.</p>
<p><b>Topaicí pearsanta</b> <i>Personal topics</i></p>	<p>Ábhair a bhaineann le heolas pearsanta atá an-bunúsach/bhunúsach agus a bhaineann le saol laethúil na bpáistí, m.sh., <i>mé féin, mo mhuintir, mo phobal áitiúil, srl.</i></p>
<p><b>Úsáid bharántúil teanga</b> <i>Authentic language use</i></p>	<p>Is é is úsáid bharántúil teanga ann nuair a úsáidtear an teanga laistigh de chomhthéacs cumarsáideach fíorshaoil bríoch agus ar réimse cúiseanna ar nós ceist a chur, rud éigin a ordú i gcaifé, nóta a fhágáil, srl.</p>

## 9. Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007a). *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile-Treoirínte do Scoileanna*. CNCM: Baile Átha Cliath. Rochtain ag: <https://www.curriculumonline.ie/Primary/Assessment?lang=ga-ie>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007b). *Treoirínte le haghaidh múinteoirí daltaí faoi mhíchumas foghlama ginearálta*. CNCM: Baile Átha Cliath. Rochtain ag: [https://www.ncca.ie/media/2509/sen\\_introduction.pdf](https://www.ncca.ie/media/2509/sen_introduction.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. CNCM: Baile Átha Cliath. Rochtain ag: <https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/aistear-2009>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2012). *Executive Summaries: A Compendium from Commissioned Research on Primary Language*. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (1999). *Curaclam na Bunscoile-Réamhrá*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Rochtain ag: [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9423dfb9-84e4-4e88-b4bd-c5973e6c586e/Introduction-to-primary-curriculum\\_Gaeilge.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9423dfb9-84e4-4e88-b4bd-c5973e6c586e/Introduction-to-primary-curriculum_Gaeilge.pdf)

An Roinn Oideachais, an Astráil Thiar (2013). First 005. *Speaking and Listening Resource Book. Addressing Current Literacy Challenges*. An Roinn Oideachais, Rialtas na hAstráile Thiar. Rochtain ag: <http://det.wa.edu.au/stepsresources/detcms/education/stepsresources/first-steps-literacy/speaking-and-listening-resource-book.en?cat-id=13601995>

An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Rochtain ag: <https://curriculumonline.ie/ga-ie/primary/the-primary-curriculum-framework/>

Comhairle na hEorpa (2020). *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment—Companion Volume*. Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa. Rochtain ag: <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages>

Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G., McPhilips, T., Marsh, J., O'Connor, M. and Shiel, G. (2012). *Literacy in Early Childhood and Primary Education (3–8 years)*. Tuarascáil Taighde Uimh. 15. CNCM: Baile Átha Cliath. Rochtain ag: [https://www.ncca.ie/media/2137/literacy\\_in\\_early\\_childhood\\_and\\_primary\\_education\\_3-8\\_years.pdf](https://www.ncca.ie/media/2137/literacy_in_early_childhood_and_primary_education_3-8_years.pdf)

Keogh-Bryan, Katrina (2019). *Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile. Páipéar eolais: Nuatheangacha iasachta a chomhtháthú i gcuraclam athfhorbartha bunscoile*. CNCM: Baile Átha Cliath. Rochtain ag: <https://ncca.ie/media/4552/nuatheangacha-iasachta-a-chomhthathu-i-gcuraclam-athfhorbartha-bunscoile.pdf>

Ó Duibhir, P. and Cummins, J. (2012). *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3–12 years)*. Tuarascáil Taighde Uimh. 16. CNCM: Baile Átha Cliath. Rochtain ag: [https://www.ncca.ie/media/2467/towards\\_an\\_integrated\\_language\\_curriculum\\_in\\_early\\_childhood\\_and\\_primary\\_education.pdf](https://www.ncca.ie/media/2467/towards_an_integrated_language_curriculum_in_early_childhood_and_primary_education.pdf)

Rialtas na hÉireann (2010). *Straiteis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Rochtain ag: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>

Rialtas na hÉireann (2024). *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: <https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/>

Shiel, G., Cregan, Á., McGough, A. and Archer, P. (2012). *Oral Language in Early Childhood and Primary Education (3–8 years)*. Tuarascáil Taighde Uimh 14. CNCM: Baile Átha Cliath. Rochtain ag: [http://www.erc.ie/documents/oral\\_language\\_in\\_early\\_childhood\\_and\\_primary\\_education\\_3-8\\_years\\_.pdf](http://www.erc.ie/documents/oral_language_in_early_childhood_and_primary_education_3-8_years_.pdf)

## Aguisín A: Scileanna teanga agus gnéithe

Taispeántar na scileanna teanga a bhaineann go sonrath le gach gné don Ghaeilge agus don Bhéarla sa tábla thíos. Baineann na scileanna sa tábla le foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí i rith a gcuid bunscolaíochta ar fad ó Chéim 1 go Céim 4. Déantar iad a fhorbairt mar is cuí i ngach comhthéacs scoile agus de réir chéim foghlama gach páiste i bhfoghlaim teangacha.

**Tábla A1:** Céimeanna 1–4 Coincheapa, meonta agus scileanna teanga

	Teanga ó Bhéal Oral Language	Léitheoireacht Reading	Scribhneoireacht Writing
Cumarsáid/Communicating	Comhaird ar thopaic agus tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn – intinniúlacht	Tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn i dtéacs – intinniúlacht	Tuiscint ar an gcumarsáid atá ar intinn – intinniúlacht
	Cloí le topaic, teagmhas séimeantach (baineann freagra an pháiste le hábhar) – bainteacht	Roghnú agus léamh téacsanna léitheoireachta a fheileann don chuspóir agus don ábhar spéise – bainteacht	Cloí le topaic – bainteacht
	Féachaint sa tsúil, gothaí agus comharthaíocht choirp – scileanna breise teanga		
	Inchloiseacht, tuin chainte tuinairde, sos, béim, luas – scileanna paraitheangacha		
	Ag freagairt, ag tosú, ag coinneáil comhrá ag imeacht, ag seachadadh agus ag tógaíl seala		
		Dul i ngleic le raon leathan téacsanna-téacs a léamh le cruinneas, le líofacht agus le brí (tuiscint)	
	Éisteacht ghníomhach agus cuimhne bhriathartha	Feasacht ar bhrí agus ar léirmhíniú téacs/pictiúir	
		Feasacht ar chuspóir an údair	Feasacht ar chuspóir
	Tuiscint ar an lucht éisteachta/féachana		
Tuiscint/Understanding	Teanga ó Bhéal Oral Language	Léitheoireacht Reading	Scribhneoireacht Writing
	Scileanna urlabhra		
			Scríobh cruinn na litreach – soléitheacht
	Scileanna fhóineolaíochta	Prionsabal na haibítire – litreacha agus braislí litreacha – an gaol idir fuaim agus teanga a aithint	
		Ag úsáid agus ag tuiscint gnásanna priontála sa léitheoireacht	Ag úsáid agus ag tuiscint gnásanna priontála sa scríbhneoireacht
	Tuiscint choincheapúil, gaolmhaireachtaí séimeantacha, forbairt foclóra – séimeantacht	Tuiscint choincheapúil, gaolmhaireachtaí séimeantacha. Forbairt foclóra – séimeantach	Ag úsáid foclóir a éiríonn níos sofaisticiúla de réir a chéile sa scríbhneoireacht-séimeantacht
	Tuiscint ar rialacha eagraíochtúla a bhaineann le hord na bhfocal, le struchtúr agus le h-eagrú abairte – comhréir	Úsáid comhréir i réimse seánraí, m.sh., filíocht a thabhairt faoi deara	Abairtí a éiríonn níos cruinne agus níos casta de réir a chéile ó thaobh deilbhíochta – comhréir
	Tuiscint ar rialacha a bhaineann le focail a athrú, m.sh., an t-íolra, aimsirí na mbriathra	Leideanna graiféime-fóinéime, leideanna séimeantacha agus leideanna comhréire – straitéisí aitheanta focal	Ag úsáid feasacht fhóineolaíochta agus ortografaíochta chun focail a litriú i gceart – litriú
Cuimhne bhriathartha			

Teanga ó Bhéal Oral Language	Léitheoireacht Reading	Scribhneoireacht Writing
Ag glacadh páirte go héifeachtach agus mar a oireann i gcomhrá		
Braistint ar fhorbairt a ghutha féin agus féinléiriú (braistint gutha an pháiste agus féinléirithe a fhorbairt)		Braistint fhorbairta ghutha féin
Ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitúla de théacs	Ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitúla de théacs	Ag dul i ngleic le agus ag tuiscint gnéithe aeistéitúla de théacs
Teanga a úsáid ar mhaithe le himirt agus cleasaíocht, rainn, cleasanna focail, jócanna agus focail agus siollaí gan bhrí		
Ag cruthú agus ag tuiscint téacsanna inste- athinisinint agus cumadh scéalta agus instí pearsanta		Ag cruthú téacsanna inste
Ag cruthú agus ag tuiscint téacs léiritheach- cuntais fhíriciúla, míniúcháin, cur síos agus argóintí	Ag aithint na bpríomhphointí eolais i dtéacs léiritheach	Ag cruthú téacsanna léiritheacha
Ag úsáid na teanga chun iarratais a dhéanamh, dearcadh agus roghanna a chur in iúl, rudaí a mhíniú agus a thuairisciú, chun plé, argóint agus tuar a dhéanamh agus chun réasún agus údar a thabhairt maidir le cinntí, míniúcháin agus torthaí		Ag freagairt do théacsanna tríd an scríbhneoireacht
Ag úsáid teanga chun eolas a chur i láthair cinéalacha éagsúla lucht éisteachta agus an teanga a húsáid chun eolas a chur i láthair		Ag cur tuairimí, mothúchán agus roghanna in iúl tríd an scríbhneoireacht
	Ag úsáid straitéisí tuisceanna chun brí a bhaint as téacs, é a mheas agus freagairt dó	
	Ag déanamh monatóireachta ar thuiscint agus ag úsáid straitéisí féin- cheartaithe de réir mar a oireann	Ag úsáid próiseas na scríbhneoireachta chun téacs a chruthú
	Ag úsáid struchtúr eagraíochtúla téacs mar chabhair don tuiscint le linn léitheoireachta	Ag úsáid struchtúr agus sainréim teanga oireann don seanra agus don fhoirm-structúr eagraíochtúla téacs

## Aguisín B: Feidhmeanna teanga

Agus teangacha á múineadh, leagtar béim nach beag ar thábhacht na teanga ó bhéal mar chuid ríthábhachtach de theagasc na teanga. Is féidir úsáid a bhaint as na feidhmeanna teanga mar thúsphointe lena aghaidh seo. Cabhraítear le forbairt a dhéanamh ar chumas na bpáistí chun cumarsáid a dhéanamh trí bhéim a leagan ar fheidhmeanna na teanga, agus ar an mbealach sin cabhraítear le sealbhú na Gaeilge agus na dteangacha eile nuair is cuí, nuair a úsáidtear mar theanga an tseomra ranga iad.

Tá ábhair thacaíochta ar fáil ar líne do theagasc na bhfeidhmeanna teanga as Gaeilge. Le go mbeidh sé níos éasca an t-ábhar a úsáid go praiticiúil, tá na feidhmeanna teanga roinnte sna catagóirí seo a

leanas agus tá samplaí de gach catagóir curtha ar fáil. Tarraingíonn na catagóirí ar sheacht bhfeidhm Halliday (1973), mar a leagtar amach thíos, ach tá siad curtha in oiriúint do riachtanais sheomraí ranga na hÉireann. Is ionann go díreach feidhmeanna na teanga comharthaíochta agus feidhmeanna na teanga ó bhéal. Is féidir cur chuige cumarsáide iomláine a úsáid freisin mar a dtarraingíonn páistí ar mheascán straitéisí chun riachtanais, faisnéis agus mothúcháin a chur in iúl. Is féidir na catagóirí thíos a nuashonrú agus a chur in oiriúint bunaithe ar thuiscintí na foghlama teanga a thagann chun cinn.

**Tábla B1: Feidhmeanna teanga**

<b>Déanaimid cumarsáid chun ...</b> We communicate to ...	<b>Úsáidimid teanga chun ....</b> We use language to ...	
<b>Caidreamh sóisialta a dhéanamh</b> Initiate and maintain social interaction	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bualadh le duine</li> <li>• Slán a fhágáil</li> <li>• Glaoch ar dhuine</li> <li>• Aird a lorg</li> <li>• Beannú do dhuine</li> <li>• Cur in aithne</li> <li>• Comhghairdeas a dhéanamh</li> <li>• Comhbhrón a dhéanamh</li> </ul>	
<b>Soiléiriú a lorg i gcomhrá</b> Seek clarification in conversation	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Easpa tuiscena a léiriú</li> <li>• Cabhair a lorg</li> <li>• Litriú a lorg</li> <li>• Athrá a lorg</li> </ul>	
<b>Dul i gcion ar dhaoine eile</b> Influence others	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cead a lorg</li> <li>• A thabhairt</li> <li>• Agus a dhiúltú</li> <li>• Buíochas a léiriú</li> <li>• Smaoineamh a chur chun cinn</li> <li>• Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh</li> </ul> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Duine a ghríosadh</li> <li>• Magadh faoi dhuine</li> <li>• Cuireadh a thabhairt</li> <li>• A dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi</li> <li>• Foláireamh a thabhairt do dhuine</li> <li>• Stádas a fhógairt nó a cheistiú</li> <li>• Maíomh</li> <li>• Dúshlán duine a thabhairt</li> </ul>	
<b>Dearcadh a léiriú agus a lorg</b> Describe and seek an opinion	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Eolas nó easpa eolais, cuimhne nó easpa, cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu</li> <li>• Cinnteacht, éiginnteacht nó féidearthacht a léiriú agus fiosrú fúthu</li> <li>• Leibhéal dóchúlachta a léiriú agus a fhiosrú</li> <li>• Taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú</li> <li>• Mianta a léiriú nó fiosrú fúthu</li> <li>• Rogha a léiriú nó fiosrú fúithi</li> <li>• Leithscéal a ghabháil</li> </ul> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Sásamh nó míshásamh a léiriú nó fiosrú fúthu</li> <li>• Aontú nó easaontú le ráiteas</li> <li>• Ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú</li> <li>• Séanadh, Maithiúnas a léiriú</li> <li>• Tacaíocht a léiriú</li> <li>• Díomá a léiriú, Dóchas a léiriú</li> <li>• Lígean air/uirthi</li> <li>• Scéalta a chumadh nó a insint</li> <li>• Léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh, nó fiosrú faoi</li> </ul>	
<b>Eolas a thabhairt agus a lorg</b> Give and seek information	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Aithint, Tuairisciú, Teachtaireacht a thabhairt</li> <li>• Ceartú</li> <li>• Ceisteanna a chur agus a fhreagairt</li> </ul>	
<b>Struchtúr a chur ar chomhrá</b> Structure a conversation	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Oscailt</li> <li>• Féincheartú a dhéanamh</li> <li>• Cur síos a dhéanamh céim ar chéim</li> <li>• Coimriú</li> <li>• Deireadh a chur le comhrá</li> </ul>	

# Nótaí

A series of horizontal dotted lines for writing notes, spanning the width of the page.





An Roinn Oideachais  
agus Óige  
Department of Education  
and Youth

